

**An Bhruiséil, 15 Iúil 2025
(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0189(NLE)**

**11030/25
ADD 1**

**ECOFIN 921
UEM 372
FIN 797
EIB
*ECB***

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Toscaireachtaí
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an iarscríbhinn thuasluaite a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme leasaitheach ón gComhairle..

IARSCRÍBHINN

ROINN 1: ATHCHÓIRITHE AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ FAOIN BPLEAN TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA

1. Tuairisc ar Athchóirithe agus Infheistíochtaí

COLÚN 1: Leis an aistriú glas, tacaítear le hathstruchtúrú eacnamaíoch agus le sochaí leasa atá neodrach ó thaobh carbóin de

A. COMHPHÁIRT P1C1: CLAOCHLÚ AN CHÓRAIS FUINNIMH

Tá sprioc leagtha síos ag an bhFionlainn a bheith ar an gcéad tsochaí leasa saor ó iontaise ar domhan, agus neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoi 2035. Is é sprioc fhoriomlán an chomhchoda sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne rannhuidiú leis an gcuspóir neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach trí úsáid teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain a chur chun cinn.

Áirítear sa chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne infheistíochtaí lena gcumhdaítear an bonneagar is gá chun fuinneamh in-athnuaite a dháileadh, chomh maith le fuinneamh glan a tháirgeadh. Ag gabháil leis na hinfeistíochtaí sin, beidh athchóirithe ar earnáil an fhuinnimh ag díriú ar dheireadh a chur de réir a chéile le húsáid an ghuaile chun fuinneamh a ghiniúint mar aon le hathchóiriú ar chánachas fuinnimh chun úsáid fuinnimh ghlain a chur chun cinn. Áirítear infheistíocht ar leith chun tacú le fuinneamh in-athnuaite i réigiún féinrialaitheach Åland.

Leis an gcomhchuid sin, rannhuidítear le haghaidh a thabhairt ar Mholtaí Tírshonracha maidir le hinfeistíocht a dhíriú ar an aistriú glas, go háirithe maidir le táirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil (Moladh Tírshonrach 3 2020), agus maidir le hinfeistíocht a chur chun cinn san aistriú ísealcharbóin agus san aistriú fuinnimh (Moladh Tírshonrach 3 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

A.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (P1C1R1): Laghdú suntasach ar úsáid guail le haghaidh fuinnimh faoi 2026

Ghlac Parlaimint na Fionlainne an tAcht um Thoirmeasc ar Úsáid Fuinnimh Guail (406/2019) in 2019. Cuireann an tAcht seo cosc ar ghual a úsáid ó 2029 ar aghaidh. Déanfaidh an Fhionlainn iarrachtaí chun díothú úsáid guail a chur chun cinn laistigh de thréimhse ama níos giorra agus tá sé d'aidhm aici úsáid an ghuaile i nginiúint fuinnimh a laghdú idir 40 % agus 80 % faoi 2026 i gcomparáid le 2019. I measc na ngníomhaíochtaí a rinne an Fhionlainn chun tacú le deireadh a chur de réir a chéile le húsáid guail in earnáil an fhuinnimh, áirítear réitigh nua táirgthe leictreachais agus teasa a chomhtháthú sa chóras fuinnimh, tarchur fuinnimh, agus infhaighteacht teicneolaíochtaí chun gual a ionadú.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Athchóiriú 2 (P1C1R2): Cánachas fuinnimh a athchóiriú chun forbairtí teicneolaíochta a chur san áireamh

Is é cuspóir an athchóirithe an cánachas atá ann faoi láthair ar fhoinsí éagsúla fuinnimh a athrú. Rannchuideoidh an leasú ar an reachtaíocht maidir le cánachas fuinnimh (an tAcht um Dhleacht Máil ar Leictreachas agus ar Bhreoslaí Áirithe) chun deireadh a chur le breoslaí iontaise de réir a chéile trí leictriú tionscail a chur chun cinn agus trí infheistíocht i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin a spreagadh. Leis an athchóiriú, laghdófar freisin an cháin leictreachais do thionscail, mianaigh, talmhaíocht agus lárionaid sonraí de bhreis agus 5 MW go 0,05 cent/kWh, i.e. íosmhéid AE, ó 0,69 cent/kWh. Leis an athchóiriú, cuirfear deireadh de réir a chéile le haisiocaíocht cánach fuinnimh do thionscail dianfhuinnimh faoi 2025 agus méadófar an cánachas ar bhreoslaí téimh iontaise, lena n-áirítear móin, ón 1 Eanáir 2021 faoi EUR 2,7 in aghaidh MWh.

Tá staidéar ar an gcánachas fuinnimh a bhaineann le táirgeadh teasa neamhdhócháin fós ar siúl. Táthar ag súil go mbeidh an staidéar mar bhonn do chinntí maidir le bearta breise chun cáin a ghearradh ar an earnáil fuinnimh. Meastar go dtíolacfaidh an Fhionlainn leasuithe reachtacha chun a áirithiú go mbeidh na hathruithe i bhfeidhm an 1 Eanáir 2022.

Bhí cur chun feidhme an athchóirithe le tabhairt chun críche faoin 30 Meitheamh 2021.

Infheistíocht 1 (P1C1I1): Infheistíochtaí i mbonneagar fuinnimh

Is é cuspóir na hinfeistíochta feabhas a chur ar na creachtóinníollacha chun infheistíocht a mhealladh i bhfuinneamh glan, agus béim á leagan ar chomhtháthú an chórais fuinnimh, ar stóráil fuinnimh agus ar iompar. Leis an infheistíocht, tacófar le tionscadail lena gcuirtear tógáil bonneagair fuinnimh chun cinn, ag díriú ar an méid seo a leanas:

- i) eangacha leictreachais agus acmhainneacht tarchurtha leictreachais;
- ii) infheistíochtaí chun córais fuinnimh a chomhtháthú agus barrachas agus dramhtheas a tháirgeadh, a tharchur agus a úsáid i líonraí téimh ceantair;
- iii) gáis ísealcharbóin a iompar, lena n-áirítear hidrigin, bithghás agus bithmheatán.

Déanfar an roghnú de réir critéir éagsúla amhail an méid a chuireann siad le dícharbónú na hearnála fuinnimh agus a indéanta atá siad i gcomhréir leis an tréimhse ama atá leagtha síos.

Deonófar an tacaíocht faoi Fhorathne Rialtais nua atá le glacadh faoin 31 Nollaig 2021. Is i bhfoirm glaonna iomaíocha faoi fhreagracht Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Fostaíochta agus Ghnó na Fionlainne a bheidh sé le heagrú i gcéimeanna éagsúla, d'fhonn infheistíochtaí móra a thús-ualú.

Chuna áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach¹; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha²; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún,

¹ Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

² I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

loisceoirí dramhaíola³ agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla⁴; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfadh ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.

Áiríteofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh gach tionscadal leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide a bhaineann le réimse idirghabhála 033 a bhfuil comhéifeacht aeráide 100 % aige i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta⁵.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (P1C1I2): Infheistíochtaí i dteicneolaíocht nua fuinnimh

Is é cuspóir na hinfheistíochta rannchuidiú le sprioc na Fionlainne neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoi 2035 trí thabhairt isteach teicneolaíochtaí glana nua le haghaidh táirgeadh agus úsáid fuinnimh a spreagadh. Leis an tacaíocht, tabharfar tosaíocht d'earnálacha ina bhfuil laghduithe ar astaíochtaí deacair agus costasach ('earnálacha atá deacair a dhícharbónú'). Leis an infheistíocht, cuirfear tacaíocht ar fáil do thionscadail ar mhórsála le linn na céime taispeána agus tosaíocht á tabhairt don fhéidearthacht theicniúil, agus béim ar leith á leagan ar an méid seo a leanas:

- i) táirgeadh fuinnimh gaoithe amach ón gcósta;
- ii) breoslaí in-athnuaite san iompar (breoslaí leictreacha agus bithbhreoslaí);
- iii) táirgeadh teasa neamhdhócháin amhail geofhuinneamh in ionad úsáid ghuaile; agus
- iv) tionscadail fuinnimh in-athnuaite eile amhail tionscadail mhóra iompair bhithgháis ina n-úsáidtear ionchuir ísealúsáidte, tionscadail fuinnimh ghréine ar mhórsála agus tionscadail a chuireann stóráil fuinnimh chun cinn.

Déanfar an roghnú de réir critéir éagsúla lena n-áirítear a rannchuidiú leis an méadú ar sciar an fhuinnimh inathnuaite agus an rannchuidiú a d'fhéadfadh a bheith acu le forbairt agus tráchtálú fadtéarmach na dteicneolaíochtaí ábhartha. Deonófar tacaíocht faoi Fhorathne Rialtais nua atá le glacadh faoin 31 Nollaig 2021. Is i bhfoirm glaonna iomaíocha faoi fhreagracht Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Fostaíochta agus Ghnó na Fionlainne a bheidh sé le heagrú i gcéimeanna éagsúla, d'fhonn infheistíochtaí móra a thús-ualú. Faoin mbeart seo, cuirfear tacaíocht shealadach ar fáil chun dlús a chur leis an gceadú agus leis an bpróiseáil chomhshaoil ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2025.

D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Ná déan aon dochar suntasach' (2021/C58/01), déanfar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas a eisiáil ó na critéir incháilitheachta atá sna téarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail a bheidh ann amach anseo: (i) gníomhaíochtaí a

Níl feidhm ag an eisiáil 3 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

⁴ Níl feidhm ag an eisiáil sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

⁵ IO L 57, 18.2.2021, lgh. 17-75.

bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iarteachtach⁶; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha⁷; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola⁸ agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla⁹; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an AE agus an reachtaíocht náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.

Áirítear leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh gach tionscadal leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide a bhaineann le réimsí idirghabhála 032, 034bis0, 028 agus 029 agus 030bis a bhfuil comhéifeacht aeráide 100 % acu i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Seolfar na glaonna ar thairiscintí a luaithe a bheidh an creat reachtach chun an tacaíocht a dheonú i bhfeidhm. Táthar ag súil go n-eagrófar an chéad ghlaon ar iarratais le linn 2021.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 3 (P1C1I3): An pacáiste infheistíochta agus athchóirithe in Åland

Is é cuspóir na hinfheistíochta táirgeadh fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn i réigiún féinrialaitheach Åland. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht tacaíocht a thabhairt don chéim ullmhúcháin de thionscadal cumhachta gaoithe amach ón gcósta agus do tháirgeadh fuinnimh gréine.

Measann rialtas Åland go dtógfaidh sé idir deich agus cúig bliana déag an tionscadal cumhachta gaoithe amach ón gcósta ina iomláine a chur i gcrích. Táthar ag súil go n-aistreofar an fuinneamh a tháirgtear go príomha chuig mórtóir na Fionlainne agus/nó chuig an tSualainn, agus, dá bhrí sin, chuig na gréasáin dáileacháin náisiúnta. Tacóidh an infheistíocht le céim na pleanála agus an ullmhúcháin, arb é is aidhm di leanúint ar aghaidh go dtí 2025.

Ina straitéis fuinnimh agus aeráide, tá an sprioc leagtha síos ag Åland acmhainn cumhachta gréine 17 MW a fhorbairt faoi 2030. Deonóidh an infheistíocht tacaíocht do thionscadail táirgthe fuinnimh gréine arna gcur chun cinn ag cuideachtaí, bardais nó pobail. Cuirfear na tionscadail chun feidhme idir 2021 agus 2025.

⁶ Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

⁷ I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart miniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

Níl feidhm ag an eisiámh 8 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loisce, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Níl feidhm ag an eisiámh 9 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Chuna áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach¹⁰; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha¹¹; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola¹² agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla¹³; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfadh ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.

Áiríteofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh gach tionscadal le cuspóirí an athraithe aeráide a bheith nasctha le réimsí idirghabhála 028 agus 029 a bhfuil comhéifeacht aeráide 100 % acu i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

¹⁰ Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

¹¹ I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

Níl feidhm ag an eisiamh 12 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Níl feidhm ag an eisiamh 13 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

A.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnline	Cuspóir	Q	Bhliain	
1	PIC1R1 — Athrú an chórais fuinnimh — Laghdú suntasach ar úsáid guail le haghaidh fuinnimh faoi 2026	Cuspóir sonrach	Laghdú 40 % ar úsáid guail le haghaidh fuinnimh faoi 2026 i gcomparáid le 2019		Céatadán	0	40	R2	2026	Ba é 60 Petajoules úsáid an ghuail le haghaidh fuinnimh in 2019. Laghdófar tomhaltas go 36 Petajoules ar a mhéad faoi 2026.
2	PIC1R2 — Claochlú an chórais fuinnimh — cánachas fuinnimh a athchóiriú chun forbairtí teicneolaíochta a chur san áireamh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Achta um Dhleacht Máil ar Leictreachas agus ar Bhreoslaí Áirithe	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an Ghnímh				R2	2021	An leasú ar an Acht um Dhleacht Máil ar Leictreachas agus ar Bhreoslaí Áirithe: — an cháin leictreachais thionsclaíoch a laghdú chun leictriú tionscail agus táirgeadh teasa a chur chun cinn, — laghdaítear an cháin leictreachais do mhianaigh, don talmhaíocht agus d'ionaid sonraí de níos mó ná 5 MW — deireadh a chur de réir a chéile leis an aisiocaíocht cánach fuinnimh le haghaidh breoslaí tionsclaíocha dianfhuinnimh — an cháin ar bhreoslaí téimh iontaise a ardú EUR 2,7/MWh.
3	PIC1I1 — Claochlú an chórais fuinnimh — Infheistíochtaí sa bhonneagar fuinnimh	Garsprioc	Foilsíú an chéad ghlao ar iarratais ar thionscadail bonneagair fuinnimh	Foilsíú an chéad ghlao ar iarratais ar shuíomh gréasáin na hAireachta Gnóthaí Eacnamaíocha				R4	2021	Tiocfaidh na treoirlínte cistiúcháin (<i>an Rialachán maidir le Cabhair Fuinnimh</i>) i bhfeidhm, lena gcumasófar seoladh an chéad ghlao iomaíoch ar thograí le haghaidh infheistíochtaí sa bhonneagar fuinnimh, lena n-áirítear téarmaí tagartha lena n-áirítear critéir incháilitheachta lena n-áirithítear go gcomhlíonann na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiamh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus na reachtaíochta ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
4	PIC1I1 — Claochlú an chórais fuinnimh — Infheistíochtaí sa bhonneagar fuinnimh	Garsprioc	Gach deontas a dhámhachtain le haghaidh infheistíochtaí sa bhonneagar fuinnimh	Fógra faoi dhámhachtain na ndeontas go léir le haghaidh infheistíochtaí bonneagair				R4	2024	Roghnófar na tionscadail bonneagair fuinnimh go léir i gcomhréir le critéir na nglaoanna ar thograí faoi seach. Beidh gach glao bunaithe ar na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a léirítear i gcloch mhíle 3. Déanfar gach cinneadh maidir le cistiú a dhámhachtain a dhámhachtain ar na tairbhíthe tionscadail/na hiarratasóirí tionscadail arna roghnú faoi na glaoanna iomaíocha ar

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										thograí lenar féidir tús a chur le cur chun feidhme na dtionscadal roghnaithe.
5	P1C1I1 — Claochlú an chórais fuinnimh — Infheistíochtaí sa bhonneagar fuinnimh	Cuspóir sonrach	Na tionscadail a fhaigheann tacaíocht a tugadh chun críche		Líon	0	4	R2	2026	Cuirfear ceithre thionscadal ar a laghad i gcrích, mar is léir ó thuarascálacha tionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail. Comhfhreagróidh siad sin do mhéadú 137 MW ar a laghad ar acmhainneacht nua fuinnimh in-athnuaite agus/nó acmhainneacht nasctha eangai.
6	P1C1I2 — Athrú an chórais fuinnimh — Infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua fuinnimh	Garsprioc	Foilsíú an chéad ghlaio ar iarratais ar infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua fuinnimh	Foilsíú an chéad ghlaio ar iarratais ar shuíomh gréasáin na hAireachta Gnóthaí Eacnamaíocha				R4	2021	Tháinig na treoirlínte cistiúcháin (<i>an Rialachán maidir le Cabhair Fuinnimh</i>) i bhfeidhm, lena gcumasaítear foilsíú an chéad ghlaio ar thograí le haghaidh infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua fuinnimh, lena n-áirítear téarmaí tagartha lena n-áirítear critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonann na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘Ná déan dochar suntasach’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta an chomhshaoil a chomhlíonadh.
7	P1C1I2 — Athrú an chórais fuinnimh — Infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua fuinnimh	Garsprioc	Gach deontas a dhámhachtain le haghaidh infheistíochtaí i dteicneolaíocht an fhuinnimh	Fógra faoi dhámhachtain na ndeontas go léir le haghaidh infheistíochtaí i dteicneolaíocht fuinnimh				R4	2023	Déanfar na tionscadail uile a bhaineann le teicneolaíochtaí nua fuinnimh a roghnú i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sna glaonna ar thograí faoi seach. Beidh gach glao bunaithe ar na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a léirítear i gcloch mhíle 6. Déanfar gach cinneadh maidir le maoiniú a dhámhachtain a dhámhachtain ar na tairbhíthe tionscadail/na hiarratasóirí tionscadail a roghnófar faoi na glaonna iomaíocha ar thograí lena gcumasófar tús a chur le cur chun feidhme na dtionscadal roghnaithe.
8	P1C1I2 — Athrú an chórais fuinnimh — Infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua fuinnimh	Cuspóir sonrach	Na tionscadail a fhaigheann tacaíocht a tugadh chun críche		Líon	0	4	R2	2026	Cuirfear ceithre thionscadal ar a laghad i gcrích, mar is léir ó thuarascálacha tionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail. Comhfhreagróidh siad sin do mhéadú 112 MW ar a laghad ar acmhainneacht nua fuinnimh in-athnuaite agus/nó ar acmhainneacht stórála nua.
9	P1C1I3 — Claochlú an chórais fuinnimh — Pacáiste infheistíochta agus athchóirithe in Áland	Garsprioc	Foilsíú an chéad ghlaio ar iarratais ar infheistíocht i bhfuinneamh in-athnuaite in Áland	Foilsíú an chéad ghlaio ar iarratais ar shuíomh gréasáin Rialtas Áland				R2	2022	Foilsíodh an chéad ghlaio iomaíoch ar thograí le haghaidh infheistíochtaí san fhuinneamh in-athnuaite in Áland, lena n-áirítear téarmaí tagartha lena n-áirítear critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonann na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus na reachtaíochta ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaoil a chomhlíonadh.

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
10	P1C1I3 — Claochlú an chórais fuinnimh — Pacáiste infheistíochta agus athchóirithe in Áland	Garsprioc	Na tionscadail a fhaigheann tacaíocht a tugadh chun críche	Tuarascálacha ar thionscadail atá curtha i gcrích				R2	2026	Déanfar gach tionscadal a fhaigheann tacaíocht a thabhairt chun críche mar is léir ó thuarascálacha tionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail. Freagróidh siad sin do ghealltanais buiséadach EUR 2430000 ar a laghad den EUR 2700000 a leithdháiltear ar an mbeart.

B. COMHPHÁIRT P1C2: ATHCHÓIRITHE AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ TIONSCLAÍOCHA CHUN TACÚ LEIS AN AISTRIÚ GLAS AGUS LEIS AN AISTRIÚ DIGITEACH

Tá sprioc leagtha síos ag an bhFionlainn a bheith ar an gcéad tsochaí leasa saor ó iontaise ar domhan, agus neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoi 2035. Áirítear ar na dúshláin mhóra a bhaineann leis an sprioc sin a bhaint amach astaíochtaí ón tionscal a laghdú agus an ráta athchúrsála a mhéadú. Is minic nach mbíonn teicneolaíocht nua astaíochtaí ísle iomaíoch go fóill agus ní mór dlús a chur lena forbairt. Ní mór don Fhionlainn borradh a chur faoin ngeilleagar ciorclach chun úsáid inbhuanaithe acmhainní a mhéadú agus truailliú a laghdú.

Is é sprioc fhoriomlán an chomhchoda sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne rannchuidiú chun an cuspóir neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach trí thacú le hinfheistíocht i dteicneolaíochtaí chun astaíochtaí carbóin ón tionsclaíocht a laghdú, trí phoist ghlasa a chruthú, trí infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí glana agus trí bhorradh a chur faoin athchúrsáil agus faoin athúsáid.

Áirítear sa chomhchuid sin infheistíochtaí lena ndírítear ar theicneolaíochtaí ísealcharbóin a chur chun cinn amhail hidrigin a ghiniúint, carbón a ghabháil agus a úsáid, leictreachas i bpróisis thionsclaíocha a chur in ionad breoslaí iontaise, agus athúsáid agus athchúrsáil príomhábhar agus fotháirgí tionsclaíocha a chur chun cinn. Beidh athchóirithe ar an reachtaíocht maidir leis an aeráid agus le dramhaíl ag gabháil leis na hinfheistíochtaí sin, lena n-áirítear na leasuithe is gá ar an Acht Aeráide agus ar an Acht Dramhaíola chun bunús dlí a sholáthar do sprioc neodracht ó thaobh carbóin de 2035 agus do chuspóirí athchúrsála.

Leis an gcomhchuid sin, rannchuidítear le haghaidh a thabhairt ar Mholtaí Tírshonracha maidir le hinfheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas, go háirithe maidir le táirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil (Moladh Tírshonrach 3 2020), agus maidir le hinfheistíocht a chur chun cinn san aistriú ísealcharbóin agus san aistriú fuinnimh (Moladh Tírshonrach 3 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

B.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (P1C2R1): Athchóiriú ar an Acht Aeráide agus ar an tionsclaíocht ísealcharbóin

Tá gealltanais tugtha ag an bhFionlainn an tAcht Aeráide a thabhairt cothrom le dáta chun a áirithiú go mbainfear amach a cuspóir maidir le neodracht ó thaobh carbóin de faoi 2035. Áireofar san athchóiriú na spriocanna comhfhreagracha maidir le laghdú astaíochtaí do 2030, 2040 agus 2050. Leis an Acht athchóirithe Aeráide, beifear in ann pleananna aeráide a úsáid chun na hoibleagáidí maolaithe agus oiriúnaithe a leagtar amach san Acht a bhaint amach. Cuirfidh rialtas na Fionlainne a thogra le haghaidh Acht athbhreithnithe Aeráide faoi bhráid na Parlaiminte faoin 31 Eanáir 2022, agus táthar ag súil lena theacht i bhfeidhm faoin 30 Meitheamh 2022. Ghlac an Fhionlainn trí threochlár déag ísealcharbóin a bhaineann go sonrach leis an tionscal i bhfómhar 2020. Sainithnítear sna treochláir leictiú na bpróiseas tionsclaíoch, díchúpláil ó bhreoslaí iontaise agus bearta laghdaithe astaíochtaí bunaithe ar réitigh astaíochtaí ísle. Tá sé d'aidhm ag an bhFionlainn leanúint de bheith ag obair leis an tionscal chun na treochláir atá fágtha a thabhairt cothrom le dáta ina leagtar amach deiseanna earnáilsonracha chun astaíochtaí tionsclaíocha a laghdú. Áireofar leis sin ar a laghad na ceithre phríomhthionscal dianfhuinnimh, is iad sin na tionscail fuinnimh, cheimiceacha, foraoise agus teicneolaíochta.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú 2 (P1C2R2): An geilleagar ciorclach a chur chun cinn go straitéiseach agus an tAcht Dramhaíola a athchóiriú

Tá dhá ghné athchóirithe sa bheart seo. Ar an gcéad dul síos, cuirfidh an Fhionlainn chun feidhme an tAcht athchóirithe Dramhaíola (646/2011), atá lárnach do rialáil thimpeallacht an gheilleagair chiorclaigh agus don phlean náisiúnta dramhaíola. Áireofar san athchóiriú oibleagáidí bailithe ar leithligh maidir le pacáistíocht agus bithdhramhaíl ó theaghlaigh agus ó ghnólachtaí, freagracht na dtáirgeoirí pacáistíochta as na costais a bhaineann le bainistiú dramhaíola ó phacáistíocht, cur chun feidhme na Treorach maidir le Plaistigh Aonúsáide agus an oibleagáid dramhaíl teicstíle a bhailiú ar leithligh ag pointí glactha réigiúnacha. Méadófar ráta athchúrsála na dramhaíola cathrach ón 41 % atá ann faoi láthair go dtí 55 % in 2025 agus 60 % in 2030. Déanfar ráta athchúrsála na pacáistíochta plaistí a mhéadú 31 %.

Ar an dara dul síos, cuirfidh an Fhionlainn an geilleagar ciorclach chun cinn trí bhíthin clár straitéiseach do 2035, ina leagtar amach spriocanna nithiúla maidir le tomhaltas acmhainní nádúrtha neamh-inathnuaite, táirgiúlacht acmhainní agus ráta úsáide ciorclach ábhair. Is éard a bheidh ann clár réime náisiúnta, arna chomhlánú le comhaontuithe earnálacha deonacha idir an stát agus bardais, gnólachtaí agus geallsealbhóirí eile a chur chun cinn. Is é an sprioc atá ann go mbeidh 22 pháirtí leasmhar ar a laghad (mar shampla bardais, cathracha, réigiúin, gnólachtaí agus/nó comhlachais tionscail) páirteach sa chomhaontú agus gealltanas a thabhairt bearta a chur chun feidhme lena gcuirfear cuspóirí an Chláir Straitéisigh don Gheilleagar Ciorclach chun cinn: úsáid acmhainní nádúrtha a laghdú, úsáid ábhar athchúrsáilte a mhéadú agus sochaí chiorclach ísealcharbóin a chur chun cinn. Áireofar ann freisin foilsíú ‘cásanna tacaíochta’ a chuideoidh le sainaitheint na mbeart is ábhartha de chuid na ngeallsealbhóirí atá le déanamh faoi chomhaontuithe den sórt sin, i gcomhar leis na hinstiúidí taighde ábhartha.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2025.

Infheistíocht 1 (P1C2I1): Hidrigin ísealcharbóin agus gabháil agus úsáid carbóin

Is é is aidhm don infheistíocht sin táirgeadh agus stóráil hidrigine glaine a chur chun cinn ar scála tráchtála. Is é cuspóir na hinfeistíochta rannchuidiú le sprioc na Fionlainne neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2035. Leithdháilfear an cistiú chun tacú le hinfeistíochtaí feadh shlabhra luacha na hidrigine agus chun carbón a ghabháil, a stóráil agus a aisghabháil. Táthar ag súil go rannchuideoidh an Fhionlainn trí thacú le (i) hidrigin ‘glas’ ísealcharbóin a tháirgeadh, le cur in ionad úsáid breoslaí iontaise i dtionscail throma, (ii) CO₂ a ghabháil, a stóráil agus a úsáid agus (iii) taighde a bhaineann le hidrigin. Sa bhreis ar IPCEI a d’fhéadfadh a bheith ann, féadfar tacú le tionscadail atá nasctha le líonraí comhair Eorpacha, amhail Eureka.

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Scéim Fóirdheontais, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú san Fhionlainn feadh an tslabhra luacha hidrigine agus i ngabháil, stóráil agus téarnamh carbóin. Oibreoidh an Scéim trí fhóirdheontais a sholáthar go díreach don earnáil príobháideach. Féadfaidh an Scéim fóirdheontais a sholáthar freisin d’eagraíochtaí taighde príobháideacha agus/nó poiblí. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d’aidhm ag an Scéim EUR 127000000 ar a laghad d’fhóirdheontais a sholáthar ar dtús.

Déanfaidh Business Finland mar chomhpháirtí cur chun feidhme an Scéim a bhainistiú. Áireofar sa Scéim an líne táirgí le haghaidh hidrigin ísealcharbóin agus gabháil agus úsáid carbóin.

Chun an infheistíocht sa Scéim a chur chun feidhme, síneoidh an Fhionlainn agus Business Finland Comhaontú Cur Chun Feidhme ina mbeidh an t-inneachar seo a leanas:

1. Cur síos ar phróiseas cinnteoireachta na Scéime: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht ceannais coibhéseach iomchuí eile cinneadh deiridh dámhachtana na Scéime agus déanfar é a fhormheas le tromlach vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas.

2. Príomhcheanglais an bheartais fóirdheontais chomhlachaithe, lena n-áireofar:

a. An tuairisc ar na fóirdheontais arna soláthar agus ar na tairbhíthe deiridh incháilithe.

b. An ceanglas go mbeidh na hinfheistíochtaí uile a fhaigheann tacaíocht inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.

C. An ceanglas an prionsabal ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, eisiafaidh an beartas fóirdheontais an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach¹⁴, (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha,¹⁵ (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí¹⁶ agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla¹⁷.

d. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhíthe deiridh na Scéime tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme, an struchtúr táillí don Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon fháltais ón scéim nár úsáideadh a úsáid, lena n-áirítear tar éis 2026, chun na gríoch beartais céanna.

4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:

a. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar na fóirdheontais a slógadh.

b. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiríteofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.

C. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme sula ndámhfar fóirdheontas d’oibríocht.

D. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plan iniúchóireachta de chuid Business Finland. Fíorófar an méid seo a leanas leis na hiniúchtaí sin:

¹⁴ Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

¹⁵ I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

¹⁶ Níl feidhm ag an eisiáil sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loisce, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

¹⁷ Níl feidhm ag an eisiáil sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath;

comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir le spriocanna aeráide; agus

go n-urramaítear an ceanglas nach bhfuair tairbhíthe deiridh na Scéime tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme agus na gComhaontuithe Fóirdheontais is infheidhme á n-urramú.

5. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí aeráide arna ndéanamh ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme: rannchuideoidh EUR 127000000 ar a laghad d’infheistíocht RRF sa Scéim leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.

Ní leithdháilfear aon chistiú ar tháirgeadh hidrigine ó ghás nádúrtha. Faoin mbeart seo, cuirfear tacaíocht shealadach ar fáil chun dlús a chur leis an gceadú agus leis an bpróiseáil chomhshaoil ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2025.

Ina theannta sin, deonófar tacaíocht d’infheistíochtaí intíre áirithe hidrigine ‘glasa’ ísealcharbóin faoi Fhoraithe nua Rialtais a ghlacfar in 2021 (an Rialachán maidir le Cabhair Fuinnimh). Is i bhfoirm glaonna iomaíocha faoi fhreagracht Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Fostaíochta agus Ghnó na Fionlainne a bheidh sé le heagrú i gcéim amháin nó i roinnt céimeanna.

Chuna áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iarteachtach¹⁸; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha¹⁹; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola²⁰ agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla²¹; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglóidh na téarmaí tagartha freisin nach féidir ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.

Áiríteofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh gach tionscadal leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide a bhaineann le réimse idirghabhála 032 a bhfuil comhéifeacht aeráide 100 % aige i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus

¹⁸ Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

¹⁹ I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

Níl feidhm ag an eisiámh 20 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loisce, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Níl feidhm ag an eisiámh 21 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Oscrófar an chéad ghlaio ar thograí in 2021 agus foilseofar é ar shuíomh gréasáin Business Finland.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (P1C2I2): Leictriú díreach agus dícharbónú na bpróiseas tionsclaíoch

Cuirfidh an beart an leictriú díreach agus na próisis thionsclaíocha ísealcharbóin chun cinn chun astaíochtaí CO₂ san earnáil thionsclaíoch a laghdú. Déanfaidh an beart an méid seo a leanas:

- i) éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú trí thomhaltas teasa agus próisis a leictriú; agus
- ii) réitigh hibrídeacha a thabhairt isteach agus teicneolaíocht teaschaidéil agus teas barrachais a úsáid.

Is é is aidhm don bheart tacú leis an tionscal a ullmhú do dheireadh a chur le húsáid fuinnimh guail in 2029 agus do leath ar a laghad d'úsáid fuinnimh móna faoi 2030 trí spreagadh a thabhairt d'athsholáthar úsáid breoslaí iontaise i bhfeidhmeanna tionsclaíocha le leictreachas.

Deonófar tacaíocht faoi Fhoraithe Rialtais nua atá le glacadh faoin 31 Nollaig 2021.

D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Ná déan aon dochar suntasach' (2021/C58/01), déanfar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas a eisiáil ó na critéir incháilitheachta atá sna téarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail a bheidh ann amach anseo: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach²²; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha²³; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola²⁴ agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla²⁵; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an AE agus an reachtaíocht náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.

Áiríteofar leis na critéir roghnúcháin freisin go rannchuideoidh gach tionscadal chun cuspóirí an athraithe aeráide a bheith nasctha le réimse idirghabhála 024ter ag a bhfuil comhéifeacht aeráide 100 % i gcomhréir le hIarscríbhinn VI de Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Chuige sin, bainfidh tionscadail roghnaithe laghdú 30 % ar a laghad amach, ar an meán, ar astaíochtaí

²² Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

²³ I gcás ina mbainfidh an gníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

Níl feidhm ag an eisiáil 24 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loisthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Níl feidhm ag an eisiáil 25 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha i gcomparáid leis na hastaíochtaí ex ante. Oslófar an chéad ghlao ar thionscadail a luaithe a bheidh an reachtaíocht i bhfeidhm.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 3 (P1C2I3): Athúsáid agus athchúrsáil príomhábhar agus taobhshruthanna tionsclaíocha

Is é is aidhm don bheart geilleagar ciorclach a chur chun cinn lena n-athúsáidtear agus lena n-athchúrsáiltear taobh tionsclaíoch agus sruthanna dramhaíola agus príomhábhair eile amhair ábhair ceallraí, plaistigh, teicstílí, pacáistíocht, trealamh leictreach agus leictreonach, ábhair tógála agus scartála.

Cuirfear tacaíocht ar fáil don mhéid seo a leanas:

- i) na chéad ghléasraí tráchtála, na chéad ghléasraí píolótacha agus taispeántais;
- ii) teicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach sna próisis atá ann cheana;
- iii) ardáin dhigiteacha agus infheistíochtaí seirbhíse lena gcuirtear athúsáid agus athchúrsáil chun cinn.

Díreofar ar a laghad EUR 300000000 den imchlúdach ar chur chun cinn an bhithgheilleagair chiorclaigh agus díreofar ar a laghad EUR 300000000 den imchlúdach ar réitigh an gheilleagair chiorclaigh a chur chun cinn i slabhra luacha na gceallraí.

Eagróidh Gnó na Fionlainne glaonna iomaíocha i gcéimeanna éagsúla in 2021.

Chuna áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach²⁶; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha²⁷; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola²⁸ agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla²⁹; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an AE agus an reachtaíocht náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.

Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin freisin go rannchuideoidh gach tionscadal chun na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide atá nasctha leis an réimse idirghabhála seo a leanas 045bis ag a bhfuil comhéifeacht aeráide 100 % i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Chuige sin, le tionscadail roghnaithe cuirfear ar chumas 50 % ar a

²⁶ Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

²⁷ I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

Níl feidhm ag an eisiámh 28 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loisthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Níl feidhm ag an eisiámh 29 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

laghad i dtéarmaí meáchain, den dramhail neamhghuaiseach arna bailiú ar leithligh a iompú ina amhábhair tánaisteach.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

B.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáiliúcháin (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuaireasc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnline	Cuspóir	Q	Bhlíain	
11	P1C2R1 — Athchóiriú tionsclaíoch agus infheistíochtaí lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach — an tAcht um an Aeráid a Athchóiriú agus an tionsclaíocht ísealcharbóin	Garsprioc	An tAcht athbhreithnithe Aeráide do theacht i bhfeidhm	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an Ghnínimh				R2	2022	Áireofar an méid seo a leanas sa leasú ar an Acht Aeráide: — spriocanna laghdaithe astaíochtaí le haghaidh 2030 agus 2040 i gcomhréir leis an gconair neodrachta carbóin — spriocanna nuashonraithe 2050 — cuspóirí a bhaineann le hearnáil na húsáide talún agus linnte carbóin a neartú
12	P1C2R1 — Athchóiriú tionsclaíoch agus infheistíochtaí lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach — an tAcht um an Aeráid a Athchóiriú agus an tionsclaíocht ísealcharbóin	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na straitéise nuashonraithe aeráide agus fuinnimh, plan beartais meántéarmach maidir leis an athrú aeráide agus treochláir earnáilsonracha ísealcharbóin	Foilsíú na straitéise, an phlean agus na dtreochláir ar shuíomhanna gréasáin na hAireachta Fostaíochta agus an Gheilleagair agus na hAireachta Comhshaoil				R4	2025	Nuashonrófar na straitéisí aeráide, na pleananna agus na treochláir ísealcharbóin earnála tionsclaíochta is tábhachtaí (is iad na ceithre phríomhthionscal dianfhuinnimh na tionscail fuinnimh, ceimiceacha, foraoise agus teicneolaíochta) chun an tAcht Aeráide a chur chun feidhme. Áireofar sa straitéis aeráide agus fuinnimh bearta beartais agus cásanna arb é is aidhm dóibh na spriocanna aeráide agus fuinnimh arna leagan síos ag an Aontas do 2030 agus sprioc na neodrachta ó thaobh carbóin de 2035 a leagtar síos i gClár an Rialtais a bhaint amach.
13	P1C2R2 — Athchóiriú agus infheistíochtaí tionsclaíocha lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach — Cur chun cinn	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm phríomhphróisis an Achta Dramhaíola athbhreithnithe	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an Achta athbhreithnithe Dramhaíola				R4	2024	Áireofar an méid seo a leanas san Acht athbhreithnithe Dramhaíola (714/2021): 1) Bailiú náisiúnta ar leithligh bithdhramhaíola atá ag feidhmiú go hiomlán in 2022. 2) freagracht táirgeora as dramhail ó phacáistíocht agus as bailiú ar leithligh dramhaíola ó phacáistíocht agus teicstílí atá ag feidhmiú go hiomlán go náisiúnta in 2023.

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Dearbhaithe	Bonnline	Cuspóir	Q	Bhliain	
	straitéiseach an gheilleagair chiorclaigh agus athchóiriú ar an Acht Dramhaíola									Bailiú náisiúnta ar leithligh bithdhramhaíola ó airíonna nua atá ag feidhmiú go hiomlán in 2024. Leis an Acht athbhreithnithe Dramhaíola, tabharfar de chumhacht do rialtas na Fionlainne foraitheanta nua a ghlacadh lena n-áirítear: (i) spríocanna ginearálta athchúrsála do dhramhaíl chathrach, a mhéadófar ó 41 % atá ann faoi láthair go 55 % in 2025 agus 60 % in 2030 agus (ii) spríocanna athchúrsála atá ceangailteach ó thaobh dlí de do tháirgeoirí dramhaíola ó phacáistíocht, rud a mhéadóidh ráta athchúrsála na pacáistíochta plaistí faoi 31 %.
14	P1C2R2 — Athchóiriú agus infheistíochtaí tionsclaíocha lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach — Cur chun cinn straitéiseach an gheilleagair chiorclaigh agus athchóiriú ar an Acht Dramhaíola	Garspríoc	Glacadh an rún ón Rialtas maidir le cur chun feidhme an Chláir Straitéisigh le haghaidh Geilleagair Chiorclaigh	Foilsíú an rúin ón Rialtas (YM/2021/17) ar shuíomh gréasáin an Rialtais				R2	2021	Glacfar an rún ón Rialtas maidir le cur chun feidhme an chláir straitéisigh do gheilleagar ciorclach agus áireofar ann an cuspóir go laghdófar tomhaltas acmhainní nádúrtha neamh-inathnuaite, agus go bhféadfar úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha in-athnuaite a mhéadú ionas nach rachaidh tomhaltas intíre iomlán na n-amhábhar príomhúil thar leibhéal 2015 faoi 2035.
15	P1C2R2 — Athchóiriú agus infheistíochtaí tionsclaíocha lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach — Cur chun cinn straitéiseach an gheilleagair chiorclaigh agus	Garspríoc	Comhaontú náisiúnta a thabhairt i gcrích le príomhghníomhaithe maidir le geilleagar ciorclach ísealcharbóin	Tá bunú an chreata conartha le haghaidh geilleagar ciorclach ísealcharbóin agus comhaontú tugtha i gcrích le príomhghníomhaithe ón tionscal agus ó pháirtithe leasmhara				R2	2025	Déanfar an creat conartha náisiúnta nua le haghaidh geilleagar ciorclach ísealcharbóin, lena dtacaítear leis an gclár straitéiseach do gheilleagar ciorclach, a thabhairt i gcrích agus a fhoilsíú ar shuíomh gréasáin rialtas Phoblacht na Fionlainne. Déanfar na cásanna tacaíochta maidir le húsáid acmhainní nádúrtha a ullmhú i gcomhar leis na hinstitiúidí taighde ábhartha. Is é an spríoc atá ann go mbeidh 22 pháirtí leasmhar ar a laghad páirteach sa chomhaontú agus gealltanais a thabhairt bearta a chur chun

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Dearbhaithe	Bonnline	Cuspóir	Q	Bhliain	
	athchóiriú ar an Acht Dramhaíola									feidhme lena gcuirfear cuspóirí an Chláir straitéisigh don Gheilleagar Ciorclach chun cinn.
16	P1C2I1 — Athchóirithe thionsclaíocha agus infheistíochtaí chun tacú leis an aistriú glas agus digiteach — hidrigin ísealcharbóin agus gabháil agus úsáid carbóin	Garspríoc	Foilsíú an chéad ghlaio náisiúnta ar iarratais chun hidrigin íseal-astaíochta a tháirgeadh agus a úsáid chomh maith le gabháil agus úsáid dé-ocsaíde carbóin	Foilsíú na gcéad ghlaonna ar iarratais ar shuíomh gréasáin Business Finland				R4	2021	Seoladh an chéad ghlaio náisiúnta ar iarratais chun hidrigin íseal-astaíochta a tháirgeadh agus a úsáid chomh maith le gabháil agus úsáid dé-ocsaíde carbóin. Áirítear i dtéarmaí tagartha den ghlaio critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonann na tionscadail a roghnófar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
17	P1C2I1 — Athchóirithe thionsclaíocha agus infheistíochtaí chun tacú leis an aistriú glas agus digiteach — hidrigin ísealcharbóin agus gabháil agus úsáid carbóin	Garspríoc	Comhaontú Cur Chun Feidhme	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme				R4	2025	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme.
18	P1C2I1 — Athchóirithe thionsclaíocha agus infheistíochtaí chun tacú leis an aistriú glas agus digiteach — hidrigin ísealcharbóin agus gabháil agus úsáid carbóin	Cuspóir sonrach	Comhaontuithe dlíthiúla arna siniú le tairbhíthe deiridh		Céatadán (%)	0	100 %	R2	2026	Beidh comhaontuithe fóirdheontais dlíthiúla déanta ag Gnó na Fionlainne le tairbhíthe deiridh le haghaidh méid is gá chun 100 % d’infheistíocht RRF sa Scéim a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Rannchuideoidh 100 % den mhaoiniú sin le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.
18bis	P1C2I1 — Athchóirithe thionsclaíocha agus infheistíochtaí chun tacú leis an aistriú glas agus digiteach	Garspríoc	Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht	Deimhniú aistrithe				R2	2026	Aistroidh an Fhionlainn EUR 127000000 chuig Business Finland le haghaidh na Scéime.

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilióchtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnline	Cuspóir	Q	Bhliain	
	— hidrigin ísealcharbóin agus gabháil agus úsáid carbóin									
19	P1C2I2 — Athchóiriú agus infheistíochtaí tionsclaíocha lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach — leictriú díreach agus dícharbónú na bpróiseas tionsclaíoch	Garspríoc	Foilsíú an chéad ghlao ar thograí le haghaidh leictriú díreach agus ísealcharbóin na bpróiseas tionsclaíoch atá dírithe ar astaíochtaí CO2 ón tionscal a laghdú	Foilsíú an chéad ghlao ar iarratais ar shuíomh gréasáin Business Finland.				R4	2021	Tháinig na treoirlínte cistiúcháin leasaithe (an Rialachán maidir le Cabhair Fuinnimh) i bhfeidhm, rud a chumasaíonn seoladh an chéad ghlao iomaíoch ar thograí le haghaidh leictriú díreach agus ísealcharbóin na bpróiseas tionsclaíoch atá dírithe ar astaíochtaí CO2 ón tionscal a laghdú. Áirítear i dtéarmaí tagartha den ghlao critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonann na tionscadail a roghnófar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
20	P1C2I2 — Athchóiriú agus infheistíochtaí tionsclaíocha lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach — leictriú díreach agus dícharbónú na bpróiseas tionsclaíoch	Garspríoc	Gach deontas a dhámhachtain do thionscadail leictirithe dhíreach agus do thionscadail um phróisis thionsclaíocha ísealcharbóin	Fógra faoi dhámhachtain na ndeontas go léir				R4	2023	Roghnófar gach tionscadal leictirithe dhíreach agus gach próiseas tionsclaíoch ísealcharbóin i gcomhréir le critéir na nglaoanna ar thograí faoi seach. Beidh gach glao bunaithe ar na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a léirítear i gclóch mhíle 19. Eiseofar gach cinneadh maidir le maoiniú a dhámhachtain do na tairbhíthe tionscadail/na hiarratasóirí a roghnófar faoi na glaoanna iomaíocha ar thograí, rud a fhágfaidh go bhféadfar tús a chur le cur chun feidhme na dtionscadal roghnaithe.
21	P1C2I2 — Athchóiriú agus infheistíochtaí tionsclaíocha lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach — leictriú díreach agus dícharbónú na	Cuspóir sonrach	Na tionscadail a fhaigheann tacaíocht a tugadh chun críche		Líon	0	3	R2	2026	Cuirfear ar a laghad trí thionscadal a fhaigheann tacaíocht i gcrích, mar is léir ó thuarascálacha tionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail. Comhfhreagróidh siad sin do mhéadú ar leibhéal an leictirithe i bpróisis thionsclaíocha ar feadh 43 MW ar a laghad.

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Dearbhaithe	Bonnline	Cuspóir	Q	Bhliain	
	bpróiseas tionsclaíoch									
22	P1C2I3 — Athchóiriú tionsclaíoch agus infheistíochtaí lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach — Athúsáid agus athchúrsáil príomhábhar agus foshruithanna tionsclaíocha	Garspríoc	Foilsíú an chéad ghlaio ar iarratais ar thionscadail infheistíochta lena gcuirtear athúsáid ábhar dramhaíola agus foshruithanna chun cinn.	Foilsíú an chéad ghlaio ar iarratais ar shuíomh gréasáin Business Finland				R4	2021	Tháinig Foraithe an Rialtais maidir le Cúnamh a Thabhairt do Ghnólachtaí chun an Geilleagar Ciorclach agus Fás Glas Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn (1197/2020) i bhfeidhm, rud a d'fhág gur féidir an chéad ghlaio iomaíoch ar thograí le haghaidh tionscadail infheistíochta lena gcuirtear athúsáid ábhar dramhaíola agus foshruithanna chun cinn a sheoladh. Áirítear i dtéarmaí tagartha den ghlaio critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonann na tionscadail a roghnófar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaoil a chomhlíonadh.
23	P1C2I3 — Athchóiriú tionsclaíoch agus infheistíochtaí lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach — Athúsáid agus athchúrsáil príomhábhar agus foshruithanna tionsclaíocha	Garspríoc	Gach deontas a dhámhachtain ar na tionscadail athúsáide agus athchúrsála	Fógra faoi dhámhachtain na ndeontas go léir				R4	2023	Is i gcomhréir le critéir na nglaoanna ar thograí faoi seach a dhéanfar roghnú gach athúsáide agus athchúrsáil uile na bpríomhábhar agus na dtionscadal taobh-sruth tionsclaíoch. Beidh gach glao bunaithe ar na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a léirítear i gclóch mhíle 22. Eiseofar gach cinneadh maidir le maoiniú a dhámhachtain do na tairbhíthe tionscadail/na hiarratasóirí a roghnófar faoi na glaoanna iomaíocha ar thograí, rud a fhágfaidh go bhféadfar tús a chur le cur chun feidhme na dtionscadal roghnaithe.
24	P1C2I3 — Athchóiriú tionsclaíoch agus infheistíochtaí lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach — Athúsáid agus athchúrsáil príomhábhar agus	Cuspóir sonrach	Na tionscadail a fhaigheann tacaíocht a tugadh chun críche		Líon	0	10	R2	2026	Déanfar deich dtionscadal ar a laghad a chur i gcrích, mar is léir ó thuarascálacha tionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail. Comhfhreagróidh siad sin d'acmhainneacht laghdaithe 45622 tona ar a laghad de choibhéis CO2.

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
	foshruithanna tionsclaíocha									

C. COMHPHÁIRT P1C3: TIONCHAIR AERÁIDE AGUS CHOMHSHAOIL AN STOIC FOIRGNEAMH A LAGHDÚ

Tá sprioc leagtha síos ag an bhFionlainn a bheith ar an gcéad tsochaí leasa saor ó iontaise ar domhan, agus neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoi 2035. Is é sprioc fhoriomlán an chomhchoda sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne rannchuidiú leis an gcuspóir aeráidneodrachta a bhaint amach trí astaíochtaí foirgneamh le linn a saolré a laghdú, agus béim ar leith á leagan ar thógáil agus ar théamh.

Áirítear leis an gcomhchuid infheistíocht chun úsáid modhanna ísealcharbóin a chur chun cinn in earnáil na tógála. Déanfar an infheistíocht sin a chomhlánú le hathchóirithe arb é is aidhm dóibh astaíochtaí i dtógáil foirgneamh a laghdú agus deireadh a chur de réir a chéile le córais téimh arna mbreoslú ag ola iontaise i bhfoirgnimh phoiblí faoi 2024 agus go hiomlán faoi thús 2030.

Leis an gcomhchuid sin, rannchuidítear le haghaidh a thabhairt ar Mholtaí Tírshonracha maidir le hinfeistíocht a dhíriú ar an aistriú glas, go háirithe maidir le táirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil (Moladh Tírshonrach 3 2020), agus maidir le hinfeistíocht a chur chun cinn san aistriú ísealcharbóin agus san aistriú fuinnimh (Moladh Tírshonrach 3 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (P1C3R1): Athchóiriú ar an Acht um Úsáid agus Tógáil Talún

Glacfaidh an Fhionlainn reachtaíocht chun athchóiriú a dhéanamh ar an Acht um Úsáid Talún agus Foirgníochta atá ann cheana (132/1999) a mbeidh sé d'aidhm amháin aici astaíochtaí ó shaolré iomlán foirgneamh a laghdú, lena n-áirítear tógáil, úsáid, deisiú agus scartáil. Tá an t-athchóiriú dírithe ar fhorbróirí, úinéirí, dearthóirí, conraitheoirí, ar thionscal na n-ábhar agus ar údaráis.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme de réir a chéile in 2023, agus glacfar na rialacháin dheireanacha faoin 30 Meitheamh 2026. Tar éis don athchóiriú teacht i bhfeidhm, is ar bheagán carbóin a bheidh an tógáil nua agus déanfar athchóirithe le réitigh ísealcharbóin.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Athchóiriú 2 (P1C3R2): Plean gníomhaíochta chun deireadh a chur de réir a chéile le téamh ola iontaise

Tá sprioc glactha ag an bhFionlainn deireadh a chur de réir a chéile le húsáid téimh ola iontaise in 2030. Cuirfidh an beart athchóirithe sin ar chumas na Fionlainne forléargas a bhunú ar fhoirgnimh ina bhfuil téamh ola iontaise agus a n-úinéirí, a n-astaíochtaí agus a n-ídiú fuinnimh. Glacfaidh an Fhionlainn plean gníomhaíochta arb é is aidhm dó an sprioc maidir le deireadh a chur de réir a chéile le téamh ola a bhaint amach faoi 2030. Áireofar sa phlean gníomhaíochta fóirdheontais agus deontais, cánacha agus fóirdheontais chánach, stiúradh faisnéise, stiúradh rialála, comhaontuithe éifeachtúlachta fuinnimh, soláthar poiblí agus ionstraimí airgeadais chun an sprioc sin a bhaint amach. Tá sé d'aidhm ag an bhFionlainn cinntí a dhéanamh ar leithligh maidir le hionstraimí nua a úsáid nó maidir leis na hionstraimí atá ann cheana a fheabhsú.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 2 (P1C3I2): Clár timpeallachta tógtha ísealcharbóin

Is éard atá sa bheart seo go príomha clár taighde, forbartha agus nuálaíochta arb é is aidhm dó dlús a chur le forbairt agus glacadh réiteach ísealcharbóin (amhail samhlacha oibriúcháin, táirgí, ábhair) sa timpeallacht thógtha. Rannchuidíonn an beart le maolú ar an athrú aeráide agus cuireann sé geilleagar ciorclach ísealcharbóin chun cinn, ag díriú ar thaighde agus nuálaíocht, aistriú teicneolaíochta agus comhar idir taighde, gnó agus rialtas áitiúil. Tacófar leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- i) scéim tacaíochta deontais don taighde, don fhorbairt agus don nuálaíocht chun infheistíocht a spreagadh (EUR 32 mhilliún ar a laghad);
- ii) soláthar an bhoinn eolais agus uirlisí measúnaithe a thacaíonn le réitigh atá neamhdhiobhálach don aeráid agus ísealcharbóin sa timpeallacht thógtha, lena n-áirítear an fhéidearthacht tacaíocht infheistíochta a thabhairt faoi raon feidhme an chláir (EUR 4 mhilliún ar a laghad); agus
- iii) tacaíocht d'fhorbairt agus do chomhordú comhthionscadal gnó a bhfuil sé d'aidhm acu réitigh ísealcharbóin a onnmhairiú sa timpeallacht thógtha (EUR 2 mhilliún ar a laghad).

Deonófar tacaíocht faoi chlár thacaíochta Ghnó na Fionlainne (i agus iii thuas) (acht 1146/2017, foraithe 1147/2017 agus 1444/2014) agus foraithe na hAireachta Comhshaoil 1286/2015 agus 688/2001 (ii thuas). Eagróidh Business Finland glaonna iomaíocha i gcéimeanna éagsúla ag tosú in 2021. Cuireann an scéim le treoirthionscadal (*clár Kira-Digi*, a cuireadh i gcrích ó 2016 go 2019). Díreofar na glaonna go príomha ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide, ar údarais áitiúla agus ar institiúidí taighde.

Chuna áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach³⁰; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha³¹; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola³² agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla³³; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaoil. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an AE agus an reachtaíocht náisiúnta maidir leis an gcomhshaoil a roghnú.

30 Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

31 I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

Níl feidhm ag an eisiámh 32 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Níl feidhm ag an eisiámh 33 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Áiríteofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh gach tionscadal chun cuspóirí an athraithe aeráide a bheith nasctha le réimsí idirghabhála 022 nó 027 a bhfuil comhéifeacht aeráide 100 % acu i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

C.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
25	P1C3R1 — Tionchair aeráide agus chomhshaoil an stoic foirgneamh a laghdú — Athchóiriú ar an Acht um Úsáid Talún agus Foirgneamh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Achta athbhreithnithe nua um Úsáid Talún agus Tógála	Foráil sa dlí a léiríonn teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Acht um Úsáid Talún agus Tógáil				R2	2026	Áireofar sa reachtaíocht atá bunaithe ar úsáid talún athchóirithe agus ar thógáil teorainneacha ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó thionscadail tógála le linn shaolré an fhoirgnimh. Rialóidh sé freisin forbairt modhanna ríomha agus bunachair sonraí idir-inoibritheacha chun tógáil ísealcharbóin a chumasú.
26	P1C3R2 — Tionchair an stoic foirgneamh ar an aeráid agus ar an gcomhshaoil a laghdú — plean gníomhaíochta chun deireadh a chur de réir a chéile le téamh ola iontaise	Garsprioc	Foilsíú an phlean gníomhaíochta chun deireadh a chur de réir a chéile le téamh ola iontaise	Foilsíú an phlean gníomhaíochta ar shuíomh gréasáin Rialtas na Fionlainne				R2	2022	Leagfar amach sa phlean gníomhaíochta na bearta uile is gá chun tacú le deireadh a chur de réir a chéile le téamh ola iontaise i ngach foirgneamh san Fhionlainn faoin 31 Nollaig 2030.
27	P1C3R2 — Tionchair an stoic foirgneamh ar an aeráid agus ar an gcomhshaoil a laghdú — plean gníomhaíochta chun deireadh a chur de réir a chéile le téamh ola iontaise	Cuspóir sonrach	Laghdú ar líon na dtithe scoite a úsáideann téamh ola ar leithligh		Líon	133 000	106 400	R4	2025	Laghdú ar líon na dtithe scoite ina n-úsáidtear téamh ola ar leithligh ó 133000 in 2019 go 106400 in 2025, arb ionann é agus laghdú 20 %.
31	P1C3I2 — Tionchair aeráide agus chomhshaoil an stoic foirgneamh a laghdú — Clár comhshaoil ísealcharbóin tógtha	Garsprioc	Foilsíú an chéad ghlaio ar iarratais maidir le tacaíocht do thimpeallacht thógtha ísealcharbóin	Foilsíú an ghlaio ar iarratais				R4	2021	Seoladh an chéad ghlaio iomaíoch ar iarratais maidir le clár comhshaoil ísealcharbóin tógtha ar thaighde agus nuálaíocht, aistriú teicneolaíochta agus comhar idir taighde, gnó agus rialtas áitiúil. Áirítear i dtéarmaí tagartha critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonann na tionscadail a roghnófar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaoil a chomhlíonadh.

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnline	Cuspóir	Q	Bhliain	
32	P1C3I2 — Tionchair aeráide agus chomhshaoil an stoic foirgneamh a laghdú — Clár comhshaoil ísealcharbóin tógtha	Garsprioc	Gach deontas agus gach conradh poiblí a dhámhachtain do thionscadail a thacaíonn le timpeallacht thógtha ísealcharbóin	Fógra faoi dhámhachtain na ndeontas agus na gconarthaí poiblí go léir				R2	2024	Roghnófar na tionscadail chomhshaoil thógtha ísealcharbóin uile i gcomhréir le critéir na nglanna ar thograí faoi seach. Beidh gach glao bunaithe ar na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a léirítear i gcloch mhíle 31. Eiseofar gach cinneadh maidir le maoiniú a dhámhachtain do na tairbhíthe tionscadail/na hiarratasóirí a roghnófar faoi na glanna iomaíocha ar thograí, rud a fhágfaidh go bhféadfár tús a chur le cur chun feidhme na dtionscadal roghnaithe.
33	P1C3I2 — Tionchair aeráide agus chomhshaoil an stoic foirgneamh a laghdú — Clár comhshaoil ísealcharbóin tógtha	Garsprioc	Na tionscadail a fhaigheann tacaíocht a tugadh chun críche	Foilsíú na tuarascála deiridh maidir le tionscadail chríochnaithe				R2	2026	Críochnófar an clár, mar is léir ó thuarascálacha tionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe deontas dar luach EUR 32900000 ar a laghad , agus faisnéis faoi chostais soláthairtí agus cur chun feidhme cláir dar luach EUR 3100000 ar a laghad san iomlán. Freagróidh siad sin do ghealltanais buiséadach EUR 36000000 ar a laghad den EUR 40000000 a leithdháiltear ar an mbeart. Soláthraítear i dtuarascáil an chláir an phríomhfaisnéis faoi na tionscadail go léir a fhaigheann tacaíocht, lena n-áirítear na deontais a leithdháiltear orthu agus costais soláthair agus cur chun feidhme an chláir. Cumhdófar leis freisin measúnú ar an tionchar ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin in earnáil na tógála agus an eastáit réadaigh, mar thoradh ar an gclár.

D. COMHPHÁIRT P1C4: RÉITIGH ÍSEALCHARBÓIN DO PHOBAIL AGUS D'IOMPAR

Tá sprioc leagtha síos ag an bhFionlainn a bheith ar an gcéad tsochaí leasa saor ó iontaise ar domhan, agus neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoi 2035. Mar chuid den aistriú chun a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2035, tá sprioc leagtha síos ag an bhFionlainn freisin astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar a laghdú 50 % faoi 2030 i gcomparáid le 2005. Is é sprioc fhoriomlán an chomhchoda sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne rannchuidiú chun an cuspóir maidir le hastaíochtaí iompair a bhaint amach trí astaíochtaí san iompar a laghdú agus trí úsáid modhanna iompair atá saor ó charbón a chur chun cinn. Faoi láthair, níl ach 2.3 % den fhlít gluaisteán paisinéirí i mótarfheithiclí malartacha, agus tá 48 % de na stáisiúin luchtaithe leictreachais agus athbhreoslaithe gáis go léir lonnaithe sna príomhlimistéir uirbeacha (Heilsincí, Tampere, Turku).

Áirítear leis an gcomhpháirt infheistíocht chun úsáid iompair phríobháidigh neamhiontaise a chur chun cinn, lena n-áirítear infheistíocht i mbonneagar luchtaithe agus athbhreoslaithe poiblí le haghaidh feithiclí a úsáideann breoslaí neamhiontaise. Beidh athchóirithe ag gabháil leis an infheistíocht lena n-áirítear treochlár chun úsáid iompair neamhiontaise a spreagadh agus athbhreithniú ar chánachas iompair.

Leis an gcomhchuid sin, rannchuidítear le haghaidh a thabhairt ar Mholtaí Tírshonracha maidir le hinfeistíocht a dhíriú ar an aistriú glas, go háirithe maidir le táirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil (Moladh Tírshonrach 3 2020), agus maidir le hinfeistíocht a chur chun cinn san aistriú ísealcharbóin agus san aistriú fuinnimh (Moladh Tírshonrach 3 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

D.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (P1C4R1): Treochlár don iompar saor ó iontaise

Measann an Fhionlainn go bhfuil gá le gníomhaíocht bhreise chun astaíochtaí CO₂ in earnáil an iompair a laghdú le 1,65 meigeavatón breise faoi 2030. An 6 Bealtaine 2021, ghlac rialtas na Fionlainne Rún maidir leis an treochlár d'iompar saor ó iontaise, rún ina gcuirtear i láthair bearta chun sprioc 2030 agus bealach iompair saor ó astaíochtaí a bhaint amach faoi 2045.

Sa chéad chéim, déanfar cinntí maidir le fóirdheontais agus dreasachtaí lena gcuirfear iompar saor ó astaíochtaí chun cinn. I measc na mbeart atá beartaithe tá bithghás agus breoslaí leictreala a chur san áireamh san oibleagáid dáileacháin, tacaíocht do bhonneagar dáileacháin poiblí le haghaidh iompar leictreachais agus gáis, do bhonneagar luchtaithe príobháideach le haghaidh cuideachtaí tithíochta agus ionaid oibre chomh maith le roinnt fóirdheontas ceannaigh (gluaisteáin uileleictreacha, veaineanna agus truailí leictreacha agus gáschumhachta) agus tacaíocht do mhodhanna iompair inbhuanaithe (athchúrsáil, siúl, iompar poiblí). Is é 0,62 meigetoná (Mt) ar a laghad an laghdú ríofa ar astaíochtaí na mbeart sin. Tá coinne leis go dtacóidh infheistíochtaí dá bhforáiltear faoin gcomhpháirt sin le cur chun feidhme an athchóirithe sin. Beidh cinntí maidir le maoiniú na mbeart sin á mbreithniú sa chaibidlíocht maidir le buiséad an rialtais i bhfómhar 2021.

Ina theannta sin, cuirfear bailchríoch ar mheasúnuithe tionchair maidir le bearta breise a d'fhéadfadh a bheith ann faoin 31 Nollaig 2021. Áireofar na nithe seo a leanas ar na bearta a bheidh le measúnú:

- An oibleagáid dáileacháin le haghaidh bithgháis agus bithbhreosla a mhéadú ón 30 % atá ann faoi láthair
- Réamhriachtanais chun cianobair a mhéadú
- Acmhainneacht laghdaithe astaíochtaí an iompair chomhcheangailte

- Réitigh iompair dhigitigh agus cur chun cinn seirbhísí soghluaisteachta
- Bearta eile atá inchreidte, infhíoraithe chun astaíochtaí a laghdú.

A luaite a bheidh dul chun cinn na mbeart ar leibhéal an Aontais agus toradh na measúnuithe tionchair ar eolas, déanfaidh an Fhionlainn measúnú agus cinneadh ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le bearta breise agus glacfaidh sí tograí beartais faoi dheireadh 2021 chun na laghduithe ar astaíochtaí atá fágtha a bhaint amach (céim 3 den treochlár). Chuige sin, ullmhófar bearta malartacha éagsúla, lena n-áirítear trádáil náisiúnta astaíochtaí le haghaidh breoslaí iontaise. Déanfar an cás bunlíne maidir le hastaíochtaí ó iompar intíre a thabhairt cothrom le dáta faoi fhómhar 2021 chun meastacháin nua a fháil ar an méid laghduithe ar astaíochtaí is gá chun sprioc 2030 a bhaint amach.

Tar éis chur chun feidhme an Treochláir maidir le hiompar saor ó iontaise, déanfaidh an Fhionlainn astaíochtaí gás ceaptha teasa an iompair intíre a laghdú 29 % ar a laghad faoi 2025, i gcomparáid le leibhéil 2005.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Athchóiriú 2 (P1C4R2): Athchóiriú cánach ar iompar inbhuanaithe

Le hathchóiriú ar chánachas ar shochair iompair fostaithe, spreagfar úsáid feithiclí leictreacha, iompair phoiblí agus rothar. Áireofar ann rátaí cánach níos ísle d'fheithiclí leictreacha don tréimhse 2021-2025, scéimeanna simplithe cánachais le haghaidh ticéid chomaitéara agus buntáistí saor ó cháin ar rothair fostaithe.

Ina theannta sin, áireofar san athchóiriú ar an gcáin ar shochair iompair fostaithe díolúine ó cháin ar na sochair luchtaithe a bhaineann le gluaisteáin leictreacha agus hibrídeacha in-athluchtaithe don tréimhse 2021-2025.

Ina theannta sin, táthar ag súil go mbeidh tuarascáil glactha ag meitheal atá comhdhéanta de státseirbhísigh i mí na Bealtaine 2021, tuarascáil a thabharfaidh comhairle do rialtas na Fionlainne maidir leis na bearta cánach is gá chun éifeachtúlacht an rialaithe astaíochtaí iompair a fheabhsú agus chun an bonn fioscach fadtéarmach a áirithiú.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

Infheistíocht 1 (P1C4I1): Bonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe poiblí le haghaidh iompar leictreachais agus hidrigine

Leis an mbeart seo, cuirfear tacaíocht ar fáil maidir le gréasán bonneagair phoiblí atá ar fáil go forleathan a thógáil chun feithiclí leictreacha a luchtú, agus maidir le feithiclí hidrigine a athbhreoslú, lena n-áirítear feithiclí tromshaothair, chun astaíochtaí a laghdú trí spreagadh a thabhairt feithiclí a chumhachtaítear le breoslaí malartacha a chur in ionad feithiclí a bhreoslaítear le breoslaí iontaise. Cuirfear tacaíocht ar fáil do i) luchtairí ardchumhachta agus ii) stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine in-athnuaite.

Chun a bheith incháilithe do thacaíocht, ní mór na pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe a bheith inrochtana don phobal. Is i bhfoirm glaonna iomaíocha faoi fhreagracht an Údaráis Fuinnimh a chuirtear an tacaíocht ar fáil trí bhreisiú a dhéanamh ar scéim chabhrach atá ann cheana, scéim atá bunaithe faoi láthair ar Fhoraithe (498/2018) ón Rialtas maidir le cúnamh bonneagair d'iompar leictreachais agus bithgháis in 2018-2021. Glacfar Foraithe Rialtais nua in 2022 chun an tréimhse 2022-2025 a chumhdach. Beidh na glaonna oscailte do chuideachtaí aonair agus do bhordais. Cuirfear na hinfeistíochtaí chun feidhme i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2025.

D.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaith e	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
34	P1C4R1 — Réitigh ísealcharbóin do chathracha agus d'iompar — Treochlár d'iompar saor ó iontaise	Garsprioc	Glacadh rún LVM/2021/62 ón Rialtas maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar intíre a laghdú	Foilsíú an rún ón Rialtas				R2	2021	Áireofar sa treochlár d'iompar saor ó iontaise treoracha agus treoirlínte chun bearta a ullmhú chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar intíre a laghdú 50 % faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 2005. Cuirfear cuid de na bearta chun feidhme le reachtaíocht agus bearta beartais eile.
35	P1C4R1 — Réitigh ísealcharbóin do chathracha agus d'iompar — Treochlár d'iompar saor ó iontaise	Garsprioc	Foilsíú chinneadh an rialtais maidir le bearta náisiúnta breise chun astaíochtaí ó iompar intíre a laghdú	Foilsíodh cinneadh an rialtais				R4	2021	Leanfaidh na bearta atá le glacadh measúnú tionchair cuimsitheach agus beidh sé d'aidhm acu astaíochtaí iompair a laghdú 50 % in 2030 i gcomparáid le 2005. Is é 1.03 meigeatóine méid measta na laghduithe is gá le bearta breise (mar a mheastar sa chás bunlíne i mí Aibreáin 2020). Tabharfar an meastachán cothrom le dáta bunaithe ar an mbonnchás nuashonraithe a chuirfear i láthair i bhfómhar 2021.
36	P1C4R1 — Réitigh ísealcharbóin do chathracha agus d'iompar — Treochlár d'iompar saor ó iontaise	Cuspóir sonrach	Laghdú 29 % ar a laghad ar astaíochtaí ón iompar intíre faoi 2025 i gcomparáid le 2005		Céatadán	0	29	R2	2026	Tar éis chur chun feidhme na mbearta beartais sa Treochlár um iompar saor ó iontaise, tá laghdú 29 % ar a laghad tagtha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa an iompair intíre faoi 2025, i gcomparáid le leibhéil 2005, rud a fhágann go bhfuil an Fhionlainn ar an mbealach chun sprioc an laghdaithe astaíochtaí 50 % a bhaint amach faoi 2030.
37	P1C4R2 — Réitigh ísealcharbóin do chathracha agus d'iompar — Athchóiriú cánach ar iompar inbhuanaithe	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha ar an Acht Cánach Ioncaim (1205/2020) maidir le cáin a ghearradh ar shochair	Foráil sa dlí a léiríonn teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Acht				R2	2021	Beidh na leasuithe ar an Acht Cánach Ioncaim i bhfabhar gluaistean astaíochtaí i bhfad níos ísle a roghnú agus úsáid níos cothroime a bhaint as iompar éadrom agus poiblí agus as seirbhísí soghluaisteacha. Áireofar ann rátaí cánach níos ísle do charranna leictreacha iomlána don tréimhse 2021-2025, scéimeanna simplithe cánachais le haghaidh ticéid chomaitéara agus buntáistí saor ó cháin ar rothair fostaithe.

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaith e	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			fostaíochta a bhaineann le soghluaisteacht							
38	P1C4R2 — Réitigh ísealcharbóin do chathracha agus d'iompar — Athchóiriú cánach ar iompar inbhuanaithe	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha ar an Acht Cánach Ioncaim (1205/2020) maidir le díolúine ó cháin ar shochar luchtaithe gluaisteáin lánleictreach nó gluaisteáin hibridigh in-athluchtaithe	Foráil sa dlí a léiríonn teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Acht				R2	2021	Tacóidh leasú sealadach ar an Acht Cánach Ioncaim le gluaisteáin lánleictreacha agus gluaisteáin hibrideacha in-athluchtaithe a mhuireadar. Mar thoradh ar an leasú, beidh sé ina shochar díolmhaithe ó cháin in 2021-2025 gluaisteán lánleictreach nó carr hibrideach in-athluchtaithe a luchtú san ionad oibre nó ag pointe luchtaithe poiblí, arna íoc ag an bhfostóir. Baineann an sochar le muireadar charr an fhostaí féin nó carr cuideachta le sochar teoranta.
39	P1C4I1 — Réitigh ísealcharbóin do chathracha agus d'iompar — Bonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe poiblí le haghaidh leictreachas agus hidrigin a iompar	Garsprioc	Foilsíú na nglanna ar iarratais chun feabhas a chur ar bhonneagar dáileacháin d'fheithiclí leictreacha agus hidrigine	Foilsíú na nglanna ar iarratais				R2	2022	Seoladh na chéad dhá ghlaos ar thograí le haghaidh leithdháilte bonneagair le haghaidh feithiclí leictreacha agus hidrigine, lena n-áirítear téarmaí tagartha lena n-áirítear critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonann na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus na reachtaíochta ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
40	P1C4I1 — Réitigh ísealcharbóin do chathracha agus d'iompar — Bonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe poiblí le haghaidh leictreachas agus hidrigin a iompar	Cuspóir sonrach	Buiséad geallta do luchtairí feithiclí leictreacha agus do phointí athbhreoslaithe hidrigine		EUR	0	13 600 000	R2	2025	Tá ar a laghad EUR 13600000 geallta ag Údarás Fuinnimh na Fionlainne chun tionscadail incháilithe a chur chun feidhme chun luchtairí feithiclí leictreacha agus stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine a shuiteáil.

E. COMHPHÁIRT P1C5: INBHUANAITHEACHT CHOMHSHAOIL AGUS RÉITIGH DHÚLRABHUNAITHE

Tá sprioc leagtha síos ag rialtas na Fionlainne deireadh a chur le cailliúint na bithéagsúlachta faoi 2030. Is é sprioc fhoriomlán an chomhchoda sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne rannchuidiú le stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta mar thoradh ar dhianúsáid acmhainní nádúrtha chomh maith le truailliú Mhuir Bhailt a chomhrac.

Áirítear sa chomhchuid infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh réitigh nuálacha a chur chun cinn chun truailliú a chomhrac, amhail gipseam a úsáid, seachtháirge tionsclaíoch chun an tiúchan fosfair i Muir Bhailt a laghdú, chomh maith le bainistiú foraoise atá inbhuanaithe ó thaobh na haeráide de a fhorbairt. Comhlánaítear na hinfeistíochtaí sin le hathchóiriú ar an ngníomh um chaomhnú an dúlra. Leis an acht seo, soláthrófar bunús dlí don straitéis bhithéagsúlachta náisiúnta agus beidh sé d'aidhm aige an bhithéagsúlacht a neartú.

Cuidíonn an chomhpháirt sin le haghaidh a thabhairt ar an Moladh a bhaineann go Sonrach le Tír Faoi Leith maidir le hinfeistíocht a dhíriú ar an aistriú glas (Moladh a Bhaineann go Sonrach le Tír 3 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

E.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (P1C5R1): Nuachóiriú ar an reachtaíocht maidir le caomhnú an dúlra

Níl bunús dlí ag an bhFionlainn faoi láthair don straitéis bhithéagsúlachta náisiúnta agus do bhearta deonacha caomhnaithe dúlra, lena n-áirítear bearta maidir le hathchóiriú agus bainistiú gníomhach nádúrtha. Tabharfaidh an Fhionlainn an tAcht um Chaomhnú an Dúlra (1096/1996) cothrom le dáta chun freagairt níos fearr do na riachtanais reatha chun an bhithéagsúlacht a neartú. Is é is aidhm do leasuithe reachtacha ar an nGníomh a áirithiú go gcuirfear caomhnú na bithéagsúlachta lasmuigh de limistéir chaomhnaithe dúlra agus cothabháil seirbhísí éiceachórais san áireamh ar bhealach níos fearr sa chinnteoireacht. Ina theannta sin, glacfar bearta nua chun éifeachtacht chaomhnú gnáthóg agus speiceas a fheabhsú.

Cuirfidh an rialtas an tAcht nua um Chaomhnú an Dúlra faoi bhráid na Parlaiminte faoin 31 Eanáir 2022. Tiocfaidh an tAcht nua i bhfeidhm le linn 2022. Is iad na Lárionaid um Fhorbairt Eacnamaíoch, Iompair agus Comhshaoil, Metsähallitus agus an Aireacht Comhshaoil a chuirfidh an tAcht chun feidhme.

Tá sé d'aidhm ag an bhFionlainn freisin rialachán a ghlacadh maidir leis an gcóras tacaíochta airgeadais do bhearta athchóirithe agus cúraim, lena dtacófar le bearta chun gnáthóga, speicis agus luachanna tírdhreacha atá i mbaol a athshlánú agus a bhainistiú.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht 1 (P1C5I1): Cóireáil ghipseam agus athchúrsáil cothaitheach

Tacóidh an beart le cuspóirí aeráide agus comhshaoil trí thalamh arúil a láimhseáil le gipseam. Is é is aidhm don réiteach sin an t-ualach fosfair ón talmhaíocht go dtí Muir Bhailt a laghdú. Tá sé d'aidhm ag an mbeart freisin sceitheadh cothaitheach isteach i ndobharlaigh a laghdú trí athchúrsáil cothaitheach ó shruthanna dramhaíola atá saibhir ó thaobh cothaitheach de ó limistéir uirbeacha a chur chun cinn, arb é is aidhm dó rannchuidiú le heotrófú agus díghrádú a chosc.

Tá dhá ghné san infheistíocht:

- i) déileáil le réimsí le gipseam; agus

ii) Tionscadail T & F maidir le hathchúrsáil cothaitheach.

	an fhoghlaím leanúnach, digitiú agus nuachóiriú an oideachais in Åland a athnuachan		bhfuil gnéithe digiteacha suntasacha san oideachas treasach in Åland							nó 30 % ar a laghad d'ábhar an chúrsa ar chúrsa aonair i ilfhoirm dhigiteach) ó 10 % (cúrsaí atá ann cheana in 2020 a chomhlíonann na spriocriachtanais, i.e. cúrsaí nuachóirithe ina bhfuil méid leordhóthanach d'eilimintí digiteacha) go 70 % de na cúrsaí ollscoile ar fad a thugtar i gclárchúrsaí oideachais agus acadúla in Ollscoil Oscailte Ollscoil Åland. Freagraíonn sé seo do chúrsaí lena n-áirítear teagasc teoiriciúil (cúrsaí nach n-áirítear iontu ach teagasc scileanna praiticiúla a eisiamh ón sprioc). Déanfar córais tacaíochta a dhigitiú agus a chur i gcomhréir leis na cláir náisiúnta agus leis na bunachair sonraí náisiúnta. Cuirfear oiliúint ar mhúinteoirí agus ar bhaill foirne tacaíochta ábhartha san oideolaíocht ilfhoirmeach dhigiteach agus in úsáid na geóras nua riaracháin dhigitigh. Déanfar trealamh digiteach agus bogearraí digiteacha ollscoil Åland a uasghrádú agus a leathnú.

K. COMHPHÁIRT P3C3: TFN, BONNEAGAR TAIGHDE AGUS PÍOLÓTÚ

Leis an ngné sin de Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Fionlainne, tugtar aghaidh ar dhúshlán i réimse an taighde, na forbartha agus na nuálaíochta (TFN). In ainneoin go raibh sí i measc Cheannairí Nuálaíochta de réir an Scórchláir Eorpaigh Nuálaíochta le blianta anuas, d'fhuail an Fhionlainn céim siar sa deich mbliana ó 2010 maidir le hinfheistíochtaí i gníomhaíochtaí TFN, go háirithe i dtéarmaí infheistíochtaí ón earnáil phríobháideach i gníomhaíochtaí TFN. Dúshlán eile atá roimh an bhFionlainn is ea an gá atá le dlús a chur leis an gcomhar laistigh d'eintitis phoiblí TFN agus idir eintitis phoiblí agus phríobháideacha a bhfuil baint acu le TFN, lena n-áirítear ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Is é cuspóir na comhpháirte rannchuidiú le déine TFN a neartú, sciar an chaiteachais TFN san Fhionlainn a ardú ó 2.9 % (2019) go 4 % de OTI faoi 2030 agus leibhéal uailmhéine ghníomhaíochtaí TFN a mhéadú, i gcomhréir leis an Treochlár Náisiúnta um Thaighde, Forbairt agus Nuálaíocht a glacadh in earrach 2020. Chuige sin, moltar sa chomhchuid dhá phacáiste infheistíochta arb é is aidhm dóibh an t-aistriú glas a chur chun cinn agus infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar taighde agus nuálaíochta a thacaíonn leis an bhfás inbhuanaithe agus leis an digitiú.

Áirítear sa phacáiste lena gcuirtear an t-aistriú glas chun cinn infheistíochtaí chun tacú le tionscadail cuideachtaí ceannródaíocha, chun dlús a chur le príomhearnálacha agus chun inniúlacht i bpríomhearnálacha a neartú, agus chun tacú le cuideachtaí nuálacha fais (infheistíochtaí 1-4 thíos).

D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh na hinfheistíochtaí faoin gcomhchuid seo an Treoir Theicniúil 'Ná déan aon dochar suntasach' (2021/C58/01), déanfar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas a eisiamh ó na critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail a bheidh ann amach anseo: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iarteachtach³⁴; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha³⁵; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola³⁶ agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla³⁷; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an AE agus an reachtaíocht náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú. Measfar na gníomhaíochtaí T & F & N seo a leanas a bheith i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01): (i) na gníomhaíochtaí T & F & N sin as a dtagann torthaí atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de ar leibhéal a gcur i bhfeidhm; (II) na gníomhaíochtaí T & F & N sin lena dtacaítear le roghanna malartacha a bhfuil tionchair ísle acu ar an gcomhshaol a bhfuil siad ann ina leith; nó (iii)

³⁴ Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

³⁵ I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

³⁶ Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

³⁷ Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

na gníomhaíochtaí T & F & N sin atá dírithe go príomha ar roghanna malartacha a fhorbairt a bhfuil na tionchair chomhshaoil is ísle is féidir acu san earnáil le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin nach ann d'aon rogha mhalartach ísealtionchair atá indéanta ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de ina leith.

Áirítear sa phacáiste lena gcuirtear nuálaíocht agus bonneagair thaighde chun cinn infheistíochtaí chun bonneagair thaighde áitiúla, bonneagair thaighde náisiúnta agus bonneagair nuálaíochta a fhorbairt.

Rannchuidíonn an chomhpháirt chun aghaidh a thabhairt ar Mholtaí Tírshonracha chun an beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht a dhíriú ar thaighde agus nuálaíocht, ar aistriú ísealcharbóin agus ar aistriú fuinnimh agus ar iompar inbhuanaithe (Moladh Sonrach Tír 3 2019), chomh maith le hinfheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus digiteach, go háirithe ar tháirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil, ar bhonneagar inbhuanaithe agus éifeachtúil chomh maith le taighde agus nuálaíocht (Moladh Tírshonrach 3 2020).

K.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Infheistíocht 1 (P3C3I1): Pacáiste cistiúcháin TFN lena gcuirtear an t-aistriú glas chun cinn — Príomhchuideachtaí

Is é cuspóir na hinfheistíochta tacú — trí scéim atá á bainistiú ag Business Finland — le comhpháirtíochtaí agus éiceachórais idir cuideachtaí agus eagraíochtaí taighde eile a neartaíonn iomaíochas gnó agus a fheabhsaíonn éifeachtacht gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha. Díreoidh na comhpháirtíochtaí a bheidh le cistiú ar réimsí gníomhaíochta a thacaíonn leis an aistriú glas.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht tacú le cruthú earnálacha, táirgí, gnólaigh agus samhlacha oibriúcháin nua chomh maith le húsáid a bhaint as torthaí taighde ó ollscoileanna, ó ollscoileanna na n-eolaíochtaí feidhmeacha agus ó institiúidí taighde ar mhaithe le riachtanais cuideachtaí. Déanfaidh comhpháirtíochtaí cistiú TFN náisiúnta eile a ghíaráil go suntasach, infheistíochtaí TFN de chuid cuideachtaí féin, agus úsáid cistiú AE agus cistiú idirnáisiúnta eile. Is é is aidhm do chomhpháirtíochtaí agus éiceachórais sholúbtha idir cuideachtaí agus eagraíochtaí taighde agus gníomhaithe eile TFN iomaíochas gnó agus tionscail a neartú agus táirgiúlacht a fheabhsú.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (P3C3I2): Pacáiste cistiúcháin TFN lena gcuirtear an t-aistriú glas chun cinn — dlús a chur le príomhearnálacha agus inniúlacht a neartú (Acadamh na Fionlainne)

Is é cuspóir na hinfheistíochta borradh a chur faoi ghníomhaíochtaí TFN — trí scéim arna bainistiú ag Acadamh na Fionlainne — lena dtacaítear leis an aistriú glas, lena ndírítear ar phríomhearnálacha agus ar phríomhtheicneolaíochtaí an aistrithe ghlais chun úsáid agus comhroinnt saineolais a chur chun cinn agus chun cáilíocht agus éifeachtacht comhpháirtíochtaí agus éiceachóras a fheabhsú. Ceanglófar leis na critéir incháilitheachta/roghnúcháin go ndíreofar taighde ar an ngeilleagar ísealcharbóin agus ar oiriúnú don athrú aeráide agus ar athléimneacht. Beidh an scéim ag gearradh thar bhraintí uile na heolaíochta agus na n-earnálacha lena n-áirítear an geilleagar hidrigine, biththáirgí ardluacha agus córais fuinnimh atá saor ó astaíochtaí agus inniúlachtaí in anailís sonraí agus sna heolaíochtaí sóisialta.

Is éard atá sa bheart idirghabhálacha chun na braislí taighde atá ann cheana a neartú, an leibhéal saineolais a mhéadú, lena n-áirítear lasmuigh de na braislí taighde atá ann cheana, agus tacú le hathnuachan gníomhaíochtaí gnó. Leis na hinfheistíochtaí in TFN na bpríomhearnálacha agus na bpríomhtheicneolaíochtaí, feabhsófar comhpháirtíochtaí agus éiceachórais ghníomhaithe TFN freisin. Cuirfear tacaíocht ar fáil leis an mbeart d'eagraíochtaí taighde, amhail institiúidí ardoideachais nó institiúidí taighde.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 3 (P3C3I3): Pacáiste cistiúcháin TFN lena gcuirtear an t-aistriú glas chun cinn — dlús a chur le príomhearnálacha agus inniúlacht a neartú (Business Finland)

Is é cuspóir na hinfeistíochta sin borradh a chur — trí scéim arna bainistiú ag Business Finland — faoi ghníomhaíochtaí TFN lena dtacaítear leis an aistriú glas, trí dhíriú ar phríomhearnálacha agus ar phríomhtheicneolaíochtaí an aistrithe ghlais chun úsáid agus comhroinnt saineolais a chur chun cinn agus chun cáilíocht agus éifeachtacht comhpháirtíochtaí agus éiceachóras a fheabhsú. Beidh an scéim ag gearradh thar bhraintí uile na heolaíochta agus na n-earnálacha lena n-áirítear an geilleagar hidrigine, biththáirgí ardluacha agus córais fuinnimh saor ó astaíochtaí agus inniúlachtaí in anailís sonraí agus sna heolaíochtaí sóisialta a bhaineann le hathléimneacht agus oiriúnú don athrú aeráide.

Is éard atá sa bheart idirghabhálacha chun na braislí taighde atá ann cheana a neartú, an leibhéal saineolais a mhéadú, lena n-áirítear lasmuigh de na braislí taighde atá ann cheana, agus tacú le hathnuachan gníomhaíochtaí gnó. Leis na hinfeistíochtaí in TFN na bpríomhearnálacha agus na bpríomhtheicneolaíochtaí, feabhsófar comhpháirtíochtaí agus éiceachórais ghníomhaithe TFN freisin. Cuirfear tacaíocht ar fáil leis an mbeart d'eagraíochtaí taighde príobháideacha agus poiblí chomh maith le cuideachtaí nó bardais. Go háirithe, cuirfidh sé tacaíocht ar fáil do na tionscadail do phríomhchuideachtaí a roghnaítear faoi infheistíocht 1 thuas.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 4 (P3C3I4): Pacáiste cistiúcháin TFN lena dtacaítear leis an aistriú glas — Tacú le cuideachtaí nuálacha fáis

Is é cuspóir na hinfeistíochta méadú a dhéanamh — trí scéim arna bainistiú ag Business Finland — ar infheistíochtaí fiontar beag agus meánmhéide in TFN agus feabhas a chur ar a n-ullmhacht don aistriú digiteach agus don aistriú glas. Is é is aidhm don infheistíocht gnó taighdebhunaithe a neartú trí thorthaí institiúidí ardoideachais agus institiúidí taighde a fhorbairt ina ngnó nua a thacaíonn leis an aistriú glas.

Is éard atá i gceist leis an mbeart tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do chuideachtaí a bhfuil acmhainneacht ard fáis acu agus a fhorbraíonn réitigh don aistriú glas, chun borradh a chur faoi fhás cuideachtaí atá i mbun easpórtálacha cheana féin agus chun líon na gcuideachtaí onnmhairiúcháin a mhéadú. Áireofar sa tacaíocht do na cuideachtaí roghnaithe cistiú do ghníomhaíochtaí TFN, comhairle agus faisnéis agus teagmhálacha sna spriocmhargáí.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 5 (P3C3I5): An nuálaíocht agus bonneagar taighde a chur chun cinn — Bonneagair thaighde áitiúla

Is é cuspóir na hinfeistíochta seo athnuachan agus forbairt bonneagar taighde áitiúil a mhaoiniú — trí scéim arna bainistiú ag Acadamh na Fionlainne. Beidh sé a ghearradh ar fud gach brainse na heolaíochta agus an taighde. Cuirfear béim ar chuspóirí an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. Cuirfear san áireamh sna critéir roghnúcháin an taithí a fuarthas agus tionscadail á roghnú do bhonneagair náisiúnta taighde (Infheistíocht 6 thíos).

Is éard atá i gceist leis an mbeart tacaíocht airgeadais a sholáthar chun bonneagar taighde áitiúil a thógáil, lena n-áirítear, mar shampla, trealamh agus córais a fháil, seirbhísí a chruthú nó a thabhairt cothrom le dáta. Tacóidh an beart freisin le cuspóirí na Straitéise Náisiúnta um Bonneagar Taighde, agus cuirfear béim ar gach brainse den eolaíocht agus béim á leagan ar an aistriú glas agus ar an digitiú. Cuirfear béim ar leith ar bhonneagair thaighde a neartú i gcomhréir le straitéisí agus próifílí na n-institiúidí óstála lena n-áirítear, mar shampla, ollscoileanna, ollscoileanna na n-eolaíochtaí feidhmeacha, institiúidí taighde agus eagraíochtaí taighde eile. Ar deireadh, cuideoidh an infheistíocht le hoscailteacht agus idir-inoibritheacht bhonneagair taighde na ngníomhaithe éagsúla (ollscoileanna, ollscoileanna na n-eolaíochtaí feidhmeacha, institiúidí taighde, cuideachtaí agus gníomhaithe eile TFN) a neartú.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 6 (P3C3I6): Nuálaíocht agus bonneagar taighde a chur chun cinn — Bonneagair thaighde náisiúnta

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo athnuachan agus forbairt bonneagar taighde náisiúnta a mhaoiniú — trí scéim arna bainistiú ag Acadamh na Fionlainne — agus béim á leagan ar chuspóirí an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh.

Is éard atá sa bheart tacaíocht airgeadais a chur ar fáil chun bonneagair thaighde náisiúnta a thógáil, amhail trealamh agus córais a fháil, seirbhísí a chruthú nó a thabhairt cothrom le dáta. Leithdháilfear 40 % ar a laghad de luach na hinfheistíochta ar ghníomhaíochtaí TFN a bhaineann leis an digitiú. Tacóidh an beart freisin leis an athbhreithniú ar chritéir deontais bhonneagar taighde Acadamh na Fionlainne i gcomhréir le cuspóirí na Straitéise Náisiúnta um Bonneagar Taighde, agus béim á leagan ar an aistriú glas agus ar an digitiú. Ar deireadh, cuideoidh an infheistíocht le hoscailteacht agus idir-inoibritheacht bhonneagair taighde na ngníomhaithe éagsúla (ollscoileanna, ollscoileanna na n-eolaíochtaí feidhmeacha, institiúidí taighde, cuideachtaí agus gníomhaithe eile TFN) a neartú.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 7 (P3C3I7): Bonneagar nuálaíochta agus taighde a chur chun cinn — maoiniú iomaíoch do bhonneagair nuálaíochta

Is é is cuspóir don infheistíocht tacú — trí scéim arna bainistiú ag Business Finland — le timpeallachtaí tástála (bonneagar nuálaíochta) a fhorbairt, agus béim á leagan ar chuspóirí an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. Is é an aidhm atá ann freisin oscailteacht agus idir-inoibritheacht na mbonneagar taighde agus nuálaíochta a mhéadú.

Is éard atá sa bheart tacaíocht chun na timpeallachtaí is gá a fhorbairt chun réitigh a fhorbairt agus a thástáil lena gcuirtear neodracht carbóin agus digitiú chun cinn i bhfíordhálaí úsáide. Féadfar a áireamh i dtimpeallachtaí den sórt sin bonneagair thaighde éagsúla cathracha, bardas agus gníomhaithe poiblí eile, nó timpeallachtaí nuálaíochta arna gcomhthógadh ag cuideachtaí agus gníomhaithe eile.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

K.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaith e	Bonnlin e	Cuspóir	Q	Bhliain	
100	P3C3I1 — TFN, bonneagar taighde agus píolótú — pacáiste cistiúcháin TFN lena gcuirtear an t-aistriú glas chun cinn — príomhchuideachtaí	Garsprioc	Foilsíú glao ar iarratais ar thionscadail phríomhchuideachtaí	Foilsíú an ghlaio ar iarratais ag Business Finland				R2	2022	Seolfaidh Business Finland glao ar iarratais le haghaidh tionscadail príomhchuideachtaí. Ceanglófar leis na critéir incháilitheachta/roghnúcháin go ndíreofar taighde ar an ngeilleagar ísealcharbóin agus ar oiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht de réir réimse idirghabhála 022 in Iarscríbhinn VI de Rialachán RRF. Áiríteofar freisin sna critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonann na tionscadail a roghnófar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiamh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Ní dhéanfar tionscadail lena gcuirtear úsáid breoslaí iontaise chun cinn a chistiú. Ní fhéadfar tionscadal a mholann cuideachta a chumhdaítear faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (ETS) a mhaoiniú ach amháin má laghdaíonn sé go suntasach astaíochtaí gás ceaptha teasa.
101	P3C3I1 — TFN, bonneagar taighde agus píolótú — Pacáiste cistiúcháin TFN lena gcuirtear an t-aistriú glas chun cinn — Cuideachtaí ceannródaíocha	Cuspóir sonrach	Deontais a dhámhachtain do thionscadail na bpríomhchuideachtaí		Líon	0	5	R4	2023	Fógra ó Business Finland maidir le 5 dheontas ar a laghad a dhámhachtain do thionscadail phríomhchuideachtaí arna roghnú i gcomhréir leis na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a shonraítear i gcloch mhíle 100.
102	P3C3I1 — TFN, bonneagar taighde	Cuspóir sonrach	Sciar de thionscadail na		% (céatadán)	0	90	R2	2026	Déanfar 90 % ar a laghad de na tionscadail a fhaigheann tacaíocht faoin nglao ar iarratais

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Dearbhaith e	Bonnlin e	Cuspóir	Q	Bhliain	
	agus píolótú — Pacáiste cistiúcháin TFN lena gcuirtear an t-aistriú glas chun cinn — Cuideachtaí ceannródaíocha		bpríomhchuideachta í a cuireadh i gcrích							dá dtagraítear i gcloch mhíle 100 a thabhairt chun críche, mar a léirítear le réamhthuarascálacha tionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail. Freagróidh siad sin do ghealltanais buiséadach EUR 900000000 ar a laghad den EUR 1000000000 a leithdháiltear ar an mbeart.
103	P3C3I2 — TFN, bonneagar taighde agus píolótú — pacáiste cistiúcháin TFN lena dtacaítear leis an aistriú glas — dlús a chur le príomhearnálacha agus inniúlacht a neartú (Acadamh na Fionlainne)	Garspríoc	D'fhoilsigh Acadamh na Fionlainne an chéad ghlaao ar iarratais ar thionscadail taighde arb é is aidhm dó inniúlachtaí sna príomhearnálacha a mhéadú	Foilsíú an chéad ghlaao ar iarratais ó Acadamh na Fionlainne				R4	2021	Seolfaidh Acadamh na Fionlainne an chéad ghlaao ar iarratais ar chistiú taighde lena ndíreofar ar phríomhearnálacha agus ar phríomhtheicneolaíochtaí an aistrithe ghlais chun úsáid agus comhroinnt saineolais a chur chun cinn agus chun cáilíocht agus éifeachtacht na gcomhpháirtíochtaí agus na n-éiceachóras a fheabhsú. Ceanglófar leis na critéir incháilitheachta/roghnúcháin go ndíreofar taighde ar an ngeilleagar ísealcharbóin agus ar oiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht de réir réimse idirghabhála 022 in Iarscríbhinn VI de Rialachán RRF. Beidh an scéim ag gearradh thar bhraisi uile na heolaíochta agus na n-earnálacha lena n-áirítear an geilleagar hidrigine, biththáirgí ardluacha agus córais fuinnimh atá saor ó astaíochtaí agus inniúlachtaí in anailis sonraí agus sna heolaíochtaí sóisialta. Áiritheofar freisin sna critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonann na tionscadail a roghnófar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
104	P3C3I2 — TFN, bonneagar taighde agus píolótú — pacáiste cistiúcháin	Cuspóir sonrach	Dámhachtain deontas ag Acadamh na Fionlainne le		Líon	0	25	R2	2023	Fógra ó Acadamh na Fionlainne maidir le 25 dheontas ar a laghad a dhámhachtain do thionscadail taighde arna roghnú i gcomhréir leis na critéir a shonraítear i gcloch mhíle

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Dearbhaith e	Bonnlin e	Cuspóir	Q	Bhliain	
	TFN lena dtacaítear leis an aistriú glas — dlús a chur le príomhearnálacha agus inniúlacht a neartú (Acadamh na Fionlainne)		haghaidh tionscadail taighde arb é is aidhm dóibh inniúlachtaí i bpríomhearnálacha a mhéadú							103. Beidh gach glao bunaithe ar na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a léirítear i gcloch mhíle 103.
105	P3C3I2 — TFN, bonneagar taighde agus piolótú — pacáiste cistiúcháin TFN lena dtacaítear leis an aistriú glas — dlús a chur le príomhearnálacha agus inniúlacht a neartú (Acadamh na Fionlainne)	Cuspóir sonrach	An sciar de na príomhthionscadail taighde eárnála a cuireadh i gcrích, arna ndámhachtain ag Acadamh na Fionlainne		% (céatadán)	0	90	R2	2026	Déanfar 90 % ar a laghad de na tionscadail a fhaigheann tacaíocht faoi na glaonna ar iarratais dá dtagraítear i gcloch mhíle 103 a thabhairt chun críche, mar a léirítear le tuarascálacha deiridh nó réamhthuarascálacha tionscadail ama dtíolacadh ag tairbhithe tionscadail. Freagróidh siad sin do ghealltanas buiséadach EUR 40500000 ar a laghad den EUR 45000000 a leithdháiltear ar an mbeart.
106	P3C3I3 - TFN, bonneagar taighde agus piolótú — pacáiste cistiúcháin TFN lena dtacaítear leis an aistriú glas — dlús a chur leis na príomhearnálacha agus inniúlacht a neartú (Business Finland)	Garspríoc	Foilsíú ag Business Finland maidir le glao ar iarratais ar thionscadail TFN lena ndírítear ar inniúlachtaí i bpríomhearnálacha a mhéadú	Foilsíú an ghlaio ar iarratais ag Business Finland				R2	2022	Seolfaidh Business Finland glao ar iarratais le haghaidh tionscadail TFN arb é is aidhm dóibh inniúlachtaí a mhéadú i bpríomhearnálacha an aistrithe ghlaio, amhail an geilleagar hidrigine, biththáirgí ardluacha agus córais agus inniúlachtaí fuinnimh atá saor ó astaíochtaí, e.g. anailís sonraí agus eolaíochtaí sóisialta a bhaineann le hathléimneacht agus oiriúnú don athrú aeráide. Ceanglófar leis na critéir incháilitheachta/roghnúcháin go ndíreofar taighde ar an ngeilleagar ísealcharbóin agus ar oiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht de réir réimse idirghabhála 022 in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF. Áiritheofar freisin sna critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonann na tionscadail a roghnófar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Dearbhaith e	Bonnlin e	Cuspóir	Q	Bhliain	
										ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Ní dhéanfar tionscadail lena gcuirtear úsáid breoslaí iontaise chun cinn a chistiú. Ní fhéadfar tionscadal a mholann cuideachta a chumhdaítear faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (ETS) a mhaoiniú ach amháin má laghdaíonn sé go suntasach astaíochtaí gás ceaptha teasa.
107	P3C3I3 - TFN, bonneagar taighde agus píolótú — pacáiste cistiúcháin TFN lena dtacaítear leis an aistriú glas — dlús a chur leis na príomhearnálacha agus inniúlacht a neartú (Business Finland)	Cuspóir sonrach	Deontais á ndámhachtain ag Business Finland do thionscadail TFN arb é is aidhm dóibh inniúlachtaí i bpríomhearnálacha a mhéadú		Líon	0	10	R4	2023	Fógra ó Business Finland maidir le 10 ndeontas ar a laghad a dhámhachtain do thionscadail TFN arna roghnú i gcomhréir leis na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a shonraítear i gclach mhíle 106.
108	P3C3I3 - TFN, bonneagar taighde agus píolótú — pacáiste cistiúcháin TFN lena dtacaítear leis an aistriú glas — dlús a chur leis na príomhearnálacha agus inniúlacht a neartú (Business Finland)	Cuspóir sonrach	Sciar na dtionscadal TFN a cuireadh i gcrích i bpríomhearnálacha arna ndámhachtain ag Business Finland		% (céatadán)	0	90	R4	2025	Déanfar 90 % ar a laghad de na tionscadail a fhaigheann tacaíocht faoin nglao ar iarratais dá dtagraítear i gclach mhíle 106 a thabhairt chun críche, mar a léirítear le réamhthuarascálacha tionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail. Freagróidh siad sin do ghealltanais buiséadach EUR 22500000 ar a laghad den EUR 25000000 a leithdháiltear ar an mbeart.
109	P3C3I4 - TFN, bonneagar taighde agus píolótú — pacáiste cistiúcháin TFN lena dtacaítear leis an aistriú glas	Garspríoc	Glaó ar iarratais ar thionscadail taighde agus nuálaíochta a thacaíonn le cuideachtaí nuálacha fáis	Foilsíú glao ar iarratais ó Business Finland				R2	2022	Seolfaidh Gnó na Fionlainne glao ar iarratais ar chistiú TFN a leithdháilfear chun tacú le cuideachtaí nuálacha fáis. Ceanglófar leis na critéir incháilitheachta/roghnúcháin go ndíreofar taighde ar an ngeilleagar ísealcharbóin agus ar oiriúnú don athrú

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garspíoc agus spíoc
					Dearbhaith e	Bonnlin e	Cuspóir	Q	Bhliain	
	— Tacú le cuideachtaí nuálacha fáis		foilsithe ag Business Finland							aeráide agus athléimneacht de réir réimse idirghabhála 022 in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF. Áiríteofar freisin sna critéir incháilitheachta lena n-áirithítear go gcomhlíonann na tionscadail a roghnófar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Ní dhéanfar tionscadail lena gcuirtear úsáid breoslaí iontaise chun cinn a chistiú. Ní fhéadfar tionscadal a mholann cuideachta a chumhdaítear faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (ETS) a mhaoiniú ach amháin má laghdaíonn sé go suntasach astaíochtaí gás ceaptha teasa.
110	P3C3I4 - TFN, bonneagar taighde agus píolótú — pacáiste cistiúcháin TFN lena dtacaítear leis an aistriú glas — Tacú le cuideachtaí nuálacha fáis	Cuspóir sonrach	Deontais a dhámhachtain chun tacú le cuideachtaí nuálacha fáis		Líon	0	22	R4	2023	Fógra ó Business Finland maidir le 22 dheontas ar a laghad a dhámhachtain chun tacú le cuideachtaí fáis nuálacha i gcomhréir leis na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a shonraítear i gcloch mhíle 109.
111	P3C3I4 - TFN, bonneagar taighde agus píolótú — pacáiste cistiúcháin TFN lena dtacaítear leis an aistriú glas — Tacú le cuideachtaí nuálacha fáis	Cuspóir sonrach	Sciar na dtionscadal a cuireadh i gcrích le haghaidh cuideachtaí nuálacha fáis		% (céatadán)	0	90	R4	2025	Déanfar 90 % ar a laghad de na tionscadail a fhaigheann tacaíocht faoin nglao ar iarratais dá dtagraítear i gcloch mhíle 109 a thabhairt chun críche, mar a léirítear le réamhthuarascálacha tionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail. Freagróidh siad sin do ghealltanais buiséadach EUR 16200000 ar a laghad den EUR 18000000 a leithdháiltear ar an mbeart.
112	P3C3I5 - TFN, bonneagar taighde agus píolótú —	Garspíoc	Foilsíú glao ar iarratais chun bonneagair thaighde	Foilsíú an ghlaio ar iarratais ó Acadamh na Fionlainne				R2	2022	Seolfaidh Acadamh na Fionlainne glao ar iarratais chun bonneagair thaighde áitiúla a fhorbairt. Áiríteofar sna critéir

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Dearbhaith e	Bonnlin e	Cuspóir	Q	Bhliain	
	Nuálaíocht agus bonneagar taighde a chur chun cinn — Bonneagair thaighde áitiúla		áitiúla a athnuachan agus a fhorbairt							incháilitheachta lena n-áirithítear go gcomhlíonann na tionscadail a roghnófar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Ní dhéanfar tionscadail lena gcuirtear úsáid breoslaí iontaise chun cinn a chistiú. Ní fhéadfar tionscadal a mholann cuideachta a chumhdaítear faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (ETS) a mhaoiniú ach amháin má laghdaíonn sé go suntasach astaíochtaí gás ceaptha teasa. Áireofar sna critéir roghnúcháin tionchar na dtionscadal ar an bhforbairt inbhuanaithe, ar an aistriú glas agus ar an digitiú.
113	P3C3I5 - TFN, bonneagar taighde agus piolótú — Nuálaíocht agus bonneagar taighde a chur chun cinn — Bonneagair thaighde áitiúla	Cuspóir sonrach	Deontais a dhámhachtain chun bonneagair thaighde áitiúla a athnuachan agus a fhorbairt		Líon	0	10	R4	2022	Fógra ó Acadamh na Fionlainne maidir le 10 ndeontas ar a laghad a dhámhachtain do thionscadail a roghnaítear i gcomhréir leis na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a shonraítear i gcloch mhíle 112.
114	P3C3I5 - TFN, bonneagar taighde agus piolótú — Nuálaíocht agus bonneagar taighde a chur chun cinn — Bonneagair thaighde áitiúla	Cuspóir sonrach	Sciar na dtionscadal bonneagair taighde áitiúil a cuireadh i gcrích		% (céatadán)	0	90	R2	2026	Déanfar 90 % ar a laghad de na tionscadail a fhaigheann tacaíocht faoin nglao ar iarratais dá dtagraítear i gcloch mhíle 112 a thabhairt chun críche, mar a léirítear le tuarascálacha deiridh nó réamhthuarascálacha tionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail. Freagróidh siad sin do ghealltanais buiséadach EUR 22725000 ar a laghad den EUR 25250000 a leithdháiltear ar an mbeart.
115	P3C3I6 - TFN, bonneagar taighde agus piolótú — Nuálaíocht agus	Garspríoc	Foilsíú glao ar iarratais chun bonneagair thaighde náisiúnta a	Foilsíú an ghlaio ar iarratais ó Acadamh na Fionlainne				R2	2021	Seolfaidh Acadamh na Fionlainne glao ar iarratais ar bhonneagair náisiúnta taighde. Áiríteofar sna critéir incháilitheachta lena n-áirithítear go gcomhlíonann na tionscadail a

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaith e	Bonnlin e	Cuspóir	Q	Bhliain	
	bonneagar taighde a chur chun cinn — Bonneagair thaighde náisiúnta		athnuachan agus a fhorbairt							roghnófar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Ní dhéanfar tionscadail lena gcuirtear úsáid breoslaí iontaise chun cinn a chistiú. Ní fhéadfar tionscadal a mholann cuideachta a chumhdaítear faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (ETS) a mhaoiniú ach amháin má laghdaíonn sé go suntasach astaíochtaí gás ceaptha teasa. Áireofar sna critéir roghnúcháin tionchar na dtionscadal ar an bhforbairt inbhuanaithe, ar an aistriú glas agus ar an digitiú. Agus tionscadail á roghnú, áiritheofar freisin go leithdháilfear EUR 8000000 ar a laghad i gcomhréir leis an réimse idirghabhála 009bis (Infheistíocht i ngníomhaíochtaí T & N a bhaineann leis an digitiú) in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.
116	P3C3I6 - TFN, bonneagar taighde agus píolótú — Nuálaíocht agus bonneagar taighde a chur chun cinn — Bonneagair thaighde náisiúnta	Cuspóir sonrach	Deontais a dhámhachtain chun bonneagair thaighde náisiúnta a athnuachan agus a fhorbairt		Líon	0	6	R2	2022	Fógra ó Acadamh na Fionlainne maidir le 6 ndeontas ar a laghad a dhámhachtain do thionscadail a roghnaítear i gcomhréir leis na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a shonraítear i gcloch mhíle 115.
117	P3C3I6 - TFN, bonneagar taighde agus píolótú — Nuálaíocht agus bonneagar taighde a chur chun cinn — Bonneagair thaighde náisiúnta	Cuspóir sonrach	Sciar na dtionscadal bonneagair náisiúnta taighde a cuireadh i gcrích		% (céatadán)	0	90	R2	2026	Déanfar 90 % ar a laghad de na tionscadail a fhaigheann tacaíocht faoin nglao ar iarratais dá dtagraítear i gcloch mhíle 115 a thabhairt chun críche, mar a léirítear le tuarascálacha deiridh nó réamhthuarascálacha tionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail. Freagróidh siad sin do ghealltanais buiséadach

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaith e	Bonnlin e	Cuspóir	Q	Bhliain	
										EUR 18000000 ar a laghad den EUR 20000000 a leithdháiltear ar an mbeart.
118	P3C3I7 — TFN, bonneagar taighde agus piolótú — Nuálaíocht agus bonneagar taighde a chur chun cinn — cistiú iomaíoch do bhonneagair nuálaíochta	Garsprioc	Foilsíú glao ar iarratais chun bonneagair nuálaíochta a fhorbairt	Foilsíú an ghlaio ar iarratais ag Business Finland				R2	2022	Seolfaidh Business Finland glao ar iarratais chun bonneagair nuálaíochta a fhorbairt. Áiríteofar leis na critéir incháilitheachta/roghnúcháin go ndíreofar leis an idirghabháil ar ghnéithe atá nasctha go díreach le digitíú gnó a chur chun cinn (de réir réimse idirghabhála 019 in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF). Áiríteofar sna critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonann na tionscadail a roghnófar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Ní dhéanfar tionscadail lena gcuirtear úsáid breoslaí iontaise chun cinn a chistiú. Ní fhéadfar tionscadal a mholann cuideachta a chumhdaítear faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (ETS) a mhaoiniú ach amháin má laghdaíonn sé go suntasach astaíochtaí gás ceaptha teasa.
119	P3C3I7 — TFN, bonneagar taighde agus piolótú — Nuálaíocht agus bonneagar taighde a chur chun cinn — cistiú iomaíoch do bhonneagair nuálaíochta	Cuspóir sonrach	Deontais a dhámhachtain chun bonneagair nuálaíochta a fhorbairt		Líon	0	3	R4	2023	Fógra ó Business Finland maidir le 3 ndeontas ar a laghad a dhámhachtain do thionscadail arna roghnú i gcomhréir leis na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a shonraítear i gcloch mhíle 118.
120	P3C3I7 — TFN, bonneagar taighde agus piolótú — Nuálaíocht agus	Cuspóir sonrach	Sciar na dtionscadal bonneagair nuálaíochta a cuireadh i gcrích		% (céatadán)	0	90	R4	2025	Déanfar 90 % ar a laghad de na tionscadail a fhaigheann tacaíocht faoin nglao ar iarratais dá dtagraítear i gcloch mhíle 118 a thabhairt chun críche, mar a léirítear le

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaith e	Bonnlin e	Cuspóir	Q	Bhliain	
	bonneagar taighde a chur chun cinn — cistiú iomaíoch do bhonneagair nuálaíochta									réamhthuarascálacha tionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail. Freagróidh siad sin do ghealltanas buiséadach EUR 18675000 ar a laghad den EUR 20750000 a leithdháiltear aran mbeart.

L. COMHPHÁIRT P3C4: IOMAÍOCHAS A NEARTÚ AGUS BORRADH A CHUR FAOIN BHFÁS IN EARNÁLACHA A BHFUIL TIONCHAR AG GÉARCHÉIMEANNA ORTHU

Is é cuspóir na comhpháirte sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne cumais onnmhairiúcháin a mhéadú trí infheistíochtaí earnáilsonracha a dhéanamh atá bunaithe ar láidreachtaí na Fionlainne agus ar acmhainneacht na Fionlainne sa mhargadh idirnáisiúnta. Is é an dara cuspóir tacú le téarnamh agus athnuachan inbhuanaithe thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta. Tá saineolas cruthaitheach ag earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus cruthaíonn siad maoin intleachtúil agus déanann siad tráchtálú orthu. Cuireann sé sin an nuálaíocht chun cinn agus cruthaíonn sé breisluach in earnálacha eile chomh maith. Thairis sin, tacóidh na gníomhaíochtaí sa chomhpháirt seo le hathnuachan thionscal turasóireachta na Fionlainne, agus é mar aidhm leis sin méadú a dhéanamh ar onnmhairiú seirbhísí. Níl i FBManna na Fionlainne ach 16 % d'onnmhairí, atá faoi bhun na dtíortha piaraí. Is minic a bhíonn gá le hiarracht bhreise airgeadais atá in easnamh i roinnt mhaith FBManna chun gnó idirnáisiúnta FBManna a fhorbairt agus chun nuálaíochtaí a thráchtálú. Tá acmhainneacht bhreise i dtionscail chruthaitheacha agus chultúrtha agus sa turasóireacht chun tacú le fás na n-onnmhairí, go háirithe i seirbhísí.

Rannchuidíonn an chomhpháirt sin chun aghaidh a thabhairt ar Mholadh Tírshonrach 3 2020 maidir le bearta a dhéanamh chun leachtacht a sholáthar don fhíorgheilleagar, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, tionscadail infheistíochta poiblí aibí a thús-ualú agus infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun an téarnamh eacnamaíoch a chothú agus infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus digiteach, go háirithe ar tháirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil, ar bhonneagar inbhuanaithe agus éifeachtúil chomh maith le taighde agus nuálaíocht.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

L.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Infheistíocht 1 (P3C4I1): Clár um luathú fáis d'fhiontair bheaga

Is é cuspóir na hinfheistíochta sin dlús a chur le fás mhicrifhiontair agus fhiontair bheaga na Fionlainne agus borradh a chur faoina gcumas idirnáisiúnaithe.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht deontais forbartha gnó a chur ar fáil do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga. Áireofar ar phríomhchritéir incháilitheachta/roghnúcháin do thionscadail réitigh dhigiteacha nua, an t-aistriú glas agus gníomhaíochtaí TFN atá nasctha leo sin a chur chun cinn.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (P3C4I2): Príomhchláir don fhás idirnáisiúnta

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo tacú le fás idirnáisiúnta cuideachtaí trí dheontais forbartha shonracha.

Cumhdaíonn an infheistíocht na hidirghabhálacha seo a leanas:

- i. clár chun geilleagar ciorclach ísealcharbóin agus athnuachan dhigiteach a chur chun cinn sa tionscal agus onnmhairí seirbhísí tionsclaíocha a mhéadú;
- ii. éiceachóras iompair feithiclí tromshaothair leictreacha;
- iii. saineolas agus teicneolaíocht sláinte agus folláine; tá sé sin ceaptha chun tacú leis na tionscnaimh a áirítear i dtreochlár na Straitéise um Fhás na hEarnála Sláinte, a bhfuil sé mar aidhm leo éiceachórais na hearnála sláinte a fhorbairt chomh maith le réitigh agus nuálaíochtaí nua do mhargaí onnmhairithe;

- iv. clár fáis agus onnmhairithe saineolais ar uisce; tá sé seo deartha chun cruthú, píolótú agus idirnáisiúnú teicneolaíochtaí, modhanna, coincheapanna seirbhíse agus réiteach san earnáil bainistíochta uisce a chur chun cinn.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 3 (P3C4I3): Tacaíocht d'athnuachan earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo tacú le fás earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta mar spreagthóirí láidre féideartha le haghaidh fás eacnamaíoch amach anseo.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht tacaíocht deontais a chur ar fáil d'eintitis atá ag feidhmiú in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta. Direoidh formhór na tacaíochta airgeadais (75 % de na cistí leithdháilte) ar chuideachtaí agus ar eagraíochtaí sna hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha chun samhlacha nuálacha seirbhíse, táirgthe agus oibriúcháin a fhorbairt agus chun iomaíochas idirnáisiúnta na n-earnálacha agus na n-eintiteas lena mbaineann a neartú. Úsáidfear an chuid eile (25 %) de na cistí leithdháilte mar fhorbairt agus mar chistiú píolótach chun tacú leis an nuálaíocht agus le comhar nua i gcuideachtaí sa gheilleagar cruthaitheach.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 4 (P3C4I4): Tacú le fás inbhuanaithe agus digiteach in earnáil na turasóireachta

Is é cuspóir na hinfheistíochta borradh a chur faoin bhfás inbhuanaithe agus faoin nuálaíocht in earnáil na turasóireachta.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht seirbhísí a cheannach chun áireamhán an loirg carbóin dhigitigh do sheirbhísí turasóireachta a phleanáil, a fhorbairt agus a fhoilsiú (le hábhar oiliúna a chuirtear ar fáil d'úsáideoirí), chun pacáistí seirbhísí turasóireachta inbhuanaithe a phleanáil agus a fhorbairt, chomh maith le samhail oibriúcháin náisiúnta a chur chun feidhme le haghaidh cláir bhainistíochta agus chóitseála eolasbhunaithe do chuideachtaí agus réigiúin turasóireachta chun tacú leis an aistriú inbhuanaithe agus digiteach. Ina theannta sin, áirítear leis an infheistíocht ceannacháin seirbhísí chun Mol Sonraí Cuairteanna na Fionlainne agus seirbhísí digiteacha eile (ardán um Thaisteal Inbhuanaithe na Fionlainne agus visitfinland.com) a fhorbairt trí chomhtháthú agus comhéadain oscailte in éiceachóras sonraí taistil agus turasóireachta atá cuimsitheach agus comhlíontach. Áirítear leis an infheistíocht freisin maoiniú taighde agus nuálaíochta le haghaidh tionscadail taighde, turgnamhaíochta agus forbartha a thacaíonn le tráchtálú gnó agus nuálaíochtaí turasóireachta.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2025.

L.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaíthe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
121	P3C4I1 — An t-iomaíochas a neartú agus borradh a chur faoin bhfás in earnálacha a bhfuil tionchar ag géarchéim orthu — Clár luasghéaraithe fáis	Garsprioc	Foilsíú an ghlaio ar iarratais ar thacaíocht do chumais idirnáisiúnaithe cuideachtaí	Foilsíú an chéad ghlaio ar iarratais				R2	2022	Seoladh an chéad ghlaio ar iarratais ar thacaíocht do chumais idirnáisiúnaithe cuideachtaí. Áiríteofar leis na critéir incháilitheachta/roghnúcháin go mbeidh éifeacht shuntasach digitithe ag na tionscadail roghnaithe, lena n-áirítear go háirithe úsáid na teicneolaíochta digití agus modhanna oibriúcháin in oibríochtaí gnó cuideachtaí beaga agus i ngníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe.
122	P3C4I1 — An t-iomaíochas a neartú agus borradh a chur faoin bhfás in earnálacha a bhfuil tionchar ag géarchéim orthu — Clár luasghéaraithe fáis	Garsprioc	Deontais a dhámhachtain do gach tionscadal le haghaidh cumais idirnáisiúnaithe cuideachtaí	Fógra faoi dhámhachtain na ndeontas go léir				R4	2024	Fógra faoi dhámhachtain na ndeontas uile do thionscadail a roghnaítear faoi na glaonna ar iarratais. Beidh gach glao bunaithe ar na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a léirítear i gclach mhíle 121.
123	P3C4I1 — An t-iomaíochas a neartú agus borradh a chur faoin bhfás in earnálacha a bhfuil tionchar ag géarchéim orthu — Clár luasghéaraithe fáis	Cuspóir sonrach	Cur i gcrích na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht le haghaidh cumais idirnáisiúnaithe cuideachtaí		Líon	0	110	R2	2026	Déanfar 110 tionscadal ar a laghad a fhaigheann tacaíocht faoi na glaonna ar iarratais dá dtagraítear i gclach mhíle 122 a thabhairt chun críche, mar is léir ó thuascálacha deiridh ar thionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail.
124	P3C4I2 — An t-iomaíochas a neartú agus borradh a chur faoin bhfás in earnálacha a bhfuil tionchar ag géarchéim orthu —	Garsprioc	Foilsíú na gcéad trí ghlaio ar iarratais faoi phríomhchláir fáis idirnáisiúnta	Foilsíú na gcéad trí ghlaio ar iarratais				R2	2022	Seolfar trí ghlaio ar iarratais ar a laghad do phríomhchláir le haghaidh fáis idirnáisiúnta, lena n-áirítear: • Geilleagar ciorclach ísealcharbóin agus athnuachan dhigiteach a chur chun cinn sa tionsclaíocht agus méadú ar onnmhairí seirbhísí tionsclaíocha; • Éiceachóras iompair feithiclí tromshaothair leictreacha;

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuaireasc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaíthe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
	Príomhchlár don fhás idirnáisiúnta									- Saineolas agus teicneolaíocht sláinte agus folláine, chun tacú le treochlár na Straitéise um Fhás na hEarnála Sláinte; - Clár fais onnmhairithe saineolais bainistithe uisce. Áiríteofar leis na critéir incháilitheachta go gcomhlíonfaidh tionscadail an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
125	P3C4I2 — An t-iomaíochas a neartú agus borradh a chur faoin bhfás in earnálacha a bhfuil tionchar ag géarchéim orthu — Príomhchlár don fhás idirnáisiúnta	Garsprioc	Deontais a dhámhachtain do gach tionscadal faoi phríomhchlár fais idirnáisiúnta	Fógra faoi dhámhachtain na ndeontas go léir				R4	2023	Fógra faoi dhámhachtain na ndeontas uile do thionscadail a roghnaítear faoi na glaonna ar iarratais. Beidh gach glao bunaithe ar na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a léirítear i gcloch mhíle 124.
126	P3C4I2 — An t-iomaíochas a neartú agus borradh a chur faoin bhfás in earnálacha a bhfuil tionchar ag géarchéim orthu — Príomhchlár don fhás idirnáisiúnta	Cuspóir sonrach	Na tionscadail a fhaigheann tacaíocht a tugadh chun críche		Líon	0	40	R4	2025	Déanfar 40 tionscadal ar a laghad a fhaigheann tacaíocht faoi na glaonna ar iarratais dá dtagraítear i gcloch mhíle 125 a thabhairt chun críche, mar a léirítear le réamhthuarascálacha nó tuarascálacha deiridh tionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail.
127	P3C4I3 — An t-iomaíochas a neartú agus borradh a chur faoin bhfás in earnálacha a bhfuil tionchar ag géarchéim orthu — Tacaíocht d’athnuachan na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha	Garsprioc	Foilsíú dhá ghlaos ar iarratais ar thionscadail a thacaíonn le hathnuachan earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, faoi seach ar chabhair um fhorbairt agus ar	Foilsíú céad ghlaos ar iarratais ar chabhair forbraíochta agus céad ghlaos ar iarratais ar chabhair phíolótach				R4	2021	Seolfar an chéad dá ghlaos ar iarratais (ceann amháin ag Business Finland agus ceann amháin ag an Aireacht Oideachais agus Cultúir) d’fhonn na tionscail chruthaitheacha a athbheochan, a fhás agus a idirnáisiúnú, agus béim á leagan ar an athrú digiteach agus ar an nuálaíocht. Áiríteofar leis na critéir incháilitheachta/roghnúcháin go ndíreofar leis an idirghabháil ar ghnéithe atá nasctha go díreach le digitíú gnó a chur chun cinn (de réir réimse idirghabhála 015 in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF). Áiríteofar freisin sna critéir incháilitheachta go gcomhlíonann na tionscadail an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaíthe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			chabhair phiolótach							Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
128	P3C4I3 — An t-iomaíochas a neartú agus borradh a chur faoin bhfás in earnálacha a bhfuil tionchar ag géarchéim orthu — Tacaíocht d’athnuachan na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha	Cuspóir sonrach	Deontais a dhámhachtain do thionscadail a thacaíonn le hathnuachan earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta		Líon	0	145	R4	2024	Fógra faoi dhámhachtain deontas le haghaidh 145 thionscadal ar a laghad a roghnófar faoi na glaonna uile ar iarratais. Beidh gach glao bunaithe ar na critéir incháilitheachta/roghnúcháin dá dtagraítear i gcloch mhíle 127.
129	P3C4I3 — An t-iomaíochas a neartú agus borradh a chur faoin bhfás in earnálacha a bhfuil tionchar ag géarchéim orthu — Tacaíocht d’athnuachan na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha	Cuspóir sonrach	Sciar na dtionscadal a cuireadh i gcrích chun earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a athnuachan		% (céatadán)	0	90	R4	2025	Déanfar 90 % ar a laghad de na tionscadail a fhaigheann tacaíocht faoi na glaonna ar iarratais dá dtagraítear i gcloch mhíle 128 a thabhairt chun críche, mar a léirítear le réamhthuarascálacha tionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail.
130	P3C4I4 — An t-iomaíochas a neartú agus borradh a chur faoin bhfás in earnálacha a bhfuil tionchar ag géarchéim orthu — Tacú le fás inbhuanaithe agus digiteach in earnáil na turasóireachta	Garsprioc	Foilsíú an ghlaio ar iarratais ar thionscadail TFN d’earnáil na turasóireachta	Foilsíú an ghlaio ar iarratais ag Business Finland				R2	2022	Seolfaidh Business Finland an glao ar iarratais ar mhaoiniú um Fhorbairt Taighde agus um Nuálaíocht chuig earnáil na turasóireachta. Díreoidh na critéir roghnúcháin ar bhorradh a chur faoin bhfás inbhuanaithe agus faoin nuálaíocht in earnáil na turasóireachta. Díreofar an cistiú ar thionscadail taighde, turgnamhaíochta agus forbartha a thacaíonn le tráchtálú gnó agus nuálaíochtaí turasóireachta, mar shampla i dtéamaí an aistrithe dhigitigh agus ghlaes, réamhaíocht agus réamhaisnéis, turasóireacht inbhuanaithe, turasóireacht fhíorúil agus tuiscint tomhaltóirí. Áiríteofar leis na critéir incháilitheachta/roghnúcháin go ndíreofar leis an idirghabháil ar ghnéithe atá nasctha go díreach le digitíú gnó a chur chun cinn (de réir réimse idirghabhála 015 in Iarscribhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF). Áiríteofar freisin sna critéir incháilitheachta go gcomhlíonann na tionscadail an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiamh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaíthe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
131	P3C4I4 — An t-iomaíochas a neartú agus borradh a chur faoin bhfás in earnálacha a bhfuil tionchar ag géarchéim orthu — Tacú le fás inbhuanaithe agus digiteach in earnáil na turasóireachta	Cuspóir sonrach	Líon na n-eintiteas a fuair tacaíocht do thionscadail TFN turasóireachta		Líon	0	14	R2	2025	Gheobhaidh 14 eintiteas (cuideachta) ar a laghad tacaíocht faoi na tionscadail a roghnófar faoin nglao ar iarratais dá dtagraítear i gcloch mhíle 130, mar a léirítear le tuarascálacha deiridh tionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail.
132	P3C4I4 — An t-iomaíochas a neartú agus borradh a chur faoin bhfás in earnálacha a bhfuil tionchar ag géarchéim orthu — Tacú le fás inbhuanaithe agus digiteach in earnáil na turasóireachta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an áireamháin fhorbartha maidir leis an lorg carbóin digiteach le haghaidh seirbhísí turasóireachta	Teacht i bhfeidhm áireamhán forbartha an loirg carbóin dhigitigh d'earnáil na turasóireachta				R4	2024	Teacht i bhfeidhm an áireamháin nuafhorbartha maidir leis an lorg carbóin digiteach le haghaidh seirbhísí turasóireachta. Beidh áireamhán an loirg carbóin dhigitigh ina dhlúthchuid de chlár na Fionlainne um Thaisteal Inbhuanaithe. Cuirfidh an uirlis sin ar chumas úsáideoirí tionchar aeráide na seirbhísí turasóireachta a thomhas, i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach sa straitéis náisiúnta turasóireachta agus i dTreochlár Digiteach Cuairt na Fionlainne don Turasóireacht. Ina theannta sin, foilseofar an t-ábhar oiliúna maidir le húsáid áireamhán an loirg dhigitigh d'úsáideoirí ar shuíomh gréasáin Business Finland/Visit Finland.

COLÚN 4: Infhaighteacht seirbhísí leasa shóisialaigh agus cúraim sláinte a fheabhsú agus cost-éifeachtúlacht a mhéadú

M. COMHPHÁIRT P4C1: INFHAIGHTEACHT SEIRBHÍSÍ LEASA SHÓISIALAIGH AGUS CÚRAIM SLÁINTE A FHEABHSÚ AGUS COST-ÉIFEACHTÚLACHT A MHÉADÚ

Leis an ngné sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne, tugtar aghaidh ar roinnt dúshlán a bhaineann le hinfaighteacht agus cost-éifeachtúlacht seirbhísí leasa shóisialta agus cúraim sláinte. Tá rochtain ar sheirbhísí cúraim shóisialta agus sláinte san Fhionlainn ilroinnte. Is dúshlán é ilroinnt an chórais seirbhíse agus a réitigh dhigiteacha maidir leis na freagairtí is gá a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais sláinte agus shóisialta an phobail. Dá bhrí sin, is é is cuspóir don chomhpháirt sin feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta ar fud na tíre agus deireadh a chur leis an riaráiste i soláthar seirbhísí a bhaineann le paindéim COVID-19. Rannchuideoidh an chomhpháirt le cur chun feidhme an athchóirithe ráthaíochta cúraim seacht lá, arb é atá i gceist leis na teorainneacha ama do chúram sláinte neamhphráinneach i gcúram sláinte príomhúil a laghdú go seacht lá ón spriocdháta trí mhí atá ann faoi láthair. Rannchuideoidh sé freisin leis an ráthaíocht cúraim bhunúsach a fheabhsú, neamhionannais a laghdú, díriú ar shainaithint níos luaithe agus ar chosc éifeachtach, agus cáilíocht agus cost-éifeachtúlacht seirbhísí sláinte agus sóisialta a neartú. Tá sé mar aidhm eile feabhas a chur ar dhálaí oibre agus ar fholláine oibrithe sláinte agus sóisialta. Áirítear leis an gcomhpháirt athchóiriú agus infheistíochtaí a threisiú a chéile go frithpháirteach. Rannchuideoidh an t-athchóiriú le hullmhú an athchóirithe shóisialta agus cúraim sláinte. Rannchuideoidh na hinfeistíochtaí leis an méid seo a leanas: (i) an ráthaíocht cúraim a chur chun feidhme (lena n-áirítear cúram meabhairshláinte) agus an riaráiste i soláthar seirbhísí a eascraíonn as paindéim COVID-19 a laghdú; (II) cosc agus sainaithint luath riachtanas sóisialta agus sláinte a neartú mar chuid de chur chun feidhme na ráthaíochta cúraim; (III) an bonn eolais a neartú agus treoir a fheabhsú chun tacú le cost-éifeachtúlacht na seirbhísí cúraim shóisialta agus sláinte; (IV) nuálaíochtaí digiteacha a thabhairt isteach i bhfoirm seirbhís ráthaíochta cúraim; agus (v) córas faisnéise digítí duinelárnach a thabhairt isteach in Åland.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar Mholtaí Tírshonracha maidir le cost-éifeachtúlacht seirbhísí sóisialta agus cúraim sláinte agus rochtain chomhionann orthu a fheabhsú (Moladh Sonrach Tíre 1 2019) agus maidir le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais oibrithe sláinte chun athléimneacht an chórais sláinte a neartú agus rochtain ar sheirbhísí sóisialta agus sláinte a fheabhsú (Moladh Sonrach Cúnta 1 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

M.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (P4C1R1): An t-athchóiriú leasa shóisialaigh agus cúraim sláinte a ullmhú chun tacú le cur chun feidhme na ráthaíochta cúraim

Mar chuid d'ullmhú an athchóirithe shóisialta agus cúraim sláinte, is é cuspóir an bhirt seo feabhas a chur ar inrochtaineacht seirbhísí sláinte agus sóisialta trí chur chun feidhme na ráthaíochta cúraim a chur chun cinn. Leis an athchóiriú sin, tabharfar tacaíocht do na gníomhaíochtaí seo a leanas: (i) an ráthaíocht cúraim a chur chun feidhme agus seachadadh seirbhísí a neartú; (II) cosc agus sainaithint luath riachtanas cúraim shóisialta agus sláinte a neartú agus (iii) an bonn eolais a neartú agus treoir a fheabhsú chun tacú le cost-éifeachtúlacht na réiteach digiteach cúraim shóisialta agus sláinte.

Táthar ag súil go mbeidh an tAcht um Athchóiriú ar Sheirbhísí Sláinte, Sóisialta agus Tarrthála agus ar theacht i bhfeidhm reachtaíochta gaolmhaire i bhfeidhm an 1 Iúil 2021. Is éard atá san athchóiriú roinnt gníomhartha reachtacha a ghlacadh chun athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras leasa shóisialaigh

agus cúraim sláinte san Fhionlainn, ar dá réir a bhunófar 22 réimse réigiúnacha leasa. Beidh na limistéir leasa freagrach as seirbhísí sóisialta, cúraim sláinte agus tarrthála a sholáthar. Beidh siad oibríochtúil faoin 1 Eanáir 2023.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2023.

Infheistíocht 1 (P4C1I1): Cur chun feidhme na ráthaíochta cúraim a chur chun cinn agus an riaráiste seirbhíse i ngeall ar phaindéim COVID-19 a laghdú

Is é cuspóir na hinfeistíochta seo an riaráiste a laghdú i soláthar cóireálacha sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh.

Is éard atá sa bheart tacaíocht a thabhairt do na nithe seo a leanas: (i) cineálacha cur chuige nua agus níos éifeachtúla atá dírithe ar chustaiméirí a thabhairt isteach; agus (ii) seirbhísí sóisialta agus cúraim sláinte a fhorbairt agus iad a dhéanamh níos inrochtana agus níos freagrúla do riachtanais daoine leochaileacha. Cuirfidh na tionscadail infhaighteacht seirbhísí sóisialta agus cúraim sláinte chun cinn trí úsáid a bhaint as samhlacha oibriúcháin nuálacha, mar shampla treoir do chustaiméirí agus do sheirbhís, coinní leighis ar an láthair, agus cianseirbhísí cúraim sláinte.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 2 (P4C1I2): Cosc agus sainaithint luath fadhbanna sláinte a neartú

Is é cuspóir na hinfeistíochta seo cineálacha cur chuige trasearnála nua a thabhairt isteach chun cuimsiú a chothú, sláinte agus folláine a chur chun cinn agus cosc agus sainaithint luath a neartú mar bhealach chun cur chun feidhme na ráthaíochta cúraim a chur chun cinn.

Áirítear leis an mbeart tacaíocht ar an leibhéal réigiúnach do bhainistiú seirbhísí ilearnála comhtháite, lena n-áirítear seirbhísí sóisialta agus sláinte agus seirbhísí cultúrtha, spóirt agus dúlra. Cuirfear cur chun feidhme na hinfeistíochta i gcrích faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 3 (P4C1I3): An bonn eolais agus an chinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise a neartú chun cost-éifeachtúlacht seirbhísí leasa shóisialta agus cúraim sláinte a mhéadú

Is é is cuspóir don infheistíocht seo cáilíocht agus cost-éifeachtúlacht na seirbhísí sóisialta agus sláinte a mhéadú trí thaighde ar dhea-chleachtais a chur chun cinn agus trí fhaireachán éifeachtach agus modhanna anailise éifeachtacha a fhorbairt.

Is éard atá sa bheart tacaíocht do na nithe seo a leanas: (i) feabhas a chur ar an gcóras náisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar an ráthaíocht cúraim agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí faisnéise a sainaithníodh le linn ghéarchéim COVID-19; (II) an úsáid a bhaintear as faisnéis maidir le costais agus cost-éifeachtúlacht i gcinnteoireacht shóisialta agus i gcinnteoireacht, pleanáil, treoir agus táirgeadh seirbhísí a bhaineann leis an tsláinte a neartú; agus (iii) taighde a fhorbairt chun éifeachtúlacht an chórais shóisialta agus sláinte a fheabhsú, agus (iv) sásra measúnaithe tionchair leasa-eacnamaíoch agus modhanna oibre a fhorbairt chun tacú leis an gcinnteoireacht shóisialta san obair leantach ar ghéarchéim COVID-19. Cuirfear cur chun feidhme na hinfeistíochta i gcrích faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 4 (P4C1I4): Nuálaíochtaí digiteacha a thabhairt isteach le haghaidh seirbhísí leasa shóisialta agus cúraim sláinte

Is é cuspóir na hinfeistíochta seo réitigh dhigiteacha a chur ar fáil chun tacú le forbairt seirbhísí sóisialta agus cúraim sláinte agus chun cur chun feidhme na ráthaíochta cúraim a chur chun cinn.

Is éard atá i gceist leis an mbeart réitigh dhigiteacha a sholáthar le haghaidh seirbhísí saoránach, córais ghairmiúla agus réitigh bhainistíochta d'fhonn tacú leis na réimsí seo a leanas: (i) éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú agus rochtain ar sheirbhísí a éascú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le measúnú agus tarchur riachtanas cúraim, chomh maith le diagnóis, faireachán agus cóireáil níos cianda ar ghalair a chumasú; (II) tacú le fadhbanna a shainaithint go luath agus úsáid seirbhísí coisctheacha a mhéadú; (III) raon níos leithne seirbhísí agus saineolais ildisciplíneacha a chomhroinnt idir réigiúin

agus soláthraithe seirbhíse éagsúla, agus (iv) ról na gcustaiméirí a neartú agus, ar an gcaoi sin, éifeachtúlacht agus éifeachtacht seirbhísí a mhéadú. Forbróidh gníomhaithe náisiúnta agus réigiúnacha seirbhísí digiteacha a bheidh dírithe ar shaoránaigh, ar chórais ghairmiúla agus ar réitigh bhainistíochta.

Féadfar a áireamh ar sheirbhísí saoránach (I) réitigh dhigiteacha réamhsheirbhíse agus rochtana (e.g. eolairí seirbhísí, measúnuithe siomptóm, seirbhísí féinchúraim, áireamháin sochair), (II) féinchúram, láimhseáil (e.g. seirbhísí meabhairshláinte digiteacha, seirbhísí faireacháin iarchúraim agus iarchúraim) agus (III) réitigh dhigiteacha le haghaidh seirbhísí coisctheacha agus neamhthairsí.

Féadfar a áireamh i gcórais ghairmiúla (I) deighilt custaiméirí agus samhlacha seirbhíse digití a bhaineann go sonrach le deighleog ar leith bunaithe ar anailís ar shonraí custaiméara; (II) réitigh nua bainistíochta gnó (e.g. socrúchán i seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, pleanáil oibre agus barrfheabhsú cúraim baile), agus (III) réitigh dhigiteacha le haghaidh obair thrasghairmiúil (e.g. teileachomhairliúcháin, fáiltithe foirne).

D'fhéadfaí a áireamh ar réitigh bhainistíochta forbairt agus cur chun feidhme réiteach ardeolais agus ardánailísíochta chun rialú agus faireachán náisiúnta níos fearr ar phacáistí seirbhíse a chumasú agus chun cost-éifeachtúlacht an chórais seirbhíse a fheabhsú.

Agus seirbhísí digiteacha á bhforbairt, cuirfear san áireamh an gá atá ag daoine leochaileacha le hinrochtaineacht a áirithiú. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 5 (P4C1I5): Córas faisnéise cúram sláinte digiteach duinelárnach a thabhairt isteach in Åland

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo córas faisnéise cúraim sláinte nua-aimseartha a chruthú le haghaidh cúram sláinte agus cúraim leighis in Åland, ar cheart dó a bheith comhoiriúnach le riachtanais na seirbhísí sóisialta bardasacha chomh maith le hoibreoirí príobháideacha.

Is éard atá i gceist leis an mbeart córas faisnéise maidir le cúram sláinte a fhorbairt lena gcumhdaítear doiciméadú ar phróisis chúraim, oidis leighis, cabhair le haghaidh cinntí leighis, taifid chliniciúla, atreorú chuig sainseirbhísí, leithdháileadh acmhainní ama, agus obair leantach ar cháilíocht bhunúsach agus ar tháirgeadh. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

M.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnline	Cuspóir	Q	Bhliain	
133	P4C1R1 — An t-athchóiriú leasa shóisialaigh agus cúraim sláinte a ullmhú chun tacú le cur chun feidhme na ráthaíochta cúraim	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil tosaigh lena mbunaítear réimsí leasa agus lena ndéantar athchóiriú ar na seirbhísí cúraim shóisialta agus cúraim sláinte agus tarrthála	Forálacha ar na gníomhartha reachtacha, lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				R3	2021	Teacht i bhfeidhm an chéad sraith de ghníomhartha reachtacha lena leagtar amach bunú réimsí leasa agus athchóiriú na seirbhísí sóisialta, cúraim sláinte agus tarrthála, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: - 22 réimse leasa a bhunú, ar cuireadh de chúram orthu dualgais na seirbhísí sláinte, sóisialta agus tarrthála a bhí os comhair na mbardas agus na n-údarás bardasach comhpháirteach; - An fhreagracht dhlíthiúil a aistriú as seirbhísí cúraim sláinte, leasa shóisialta agus tarrthála agus seirbhísí agus dualgais eile a eagrú i réimse an leasa shóisialta; - Seirbhísí tarrthála a eagrú laistigh de na réimsí leasa mar earnáil ar leith atá ag obair i gcomhthráth leis an earnáil cúraim sláinte agus leasa shóisialaigh.
134	P4C1R1 — An t-athchóiriú leasa shóisialaigh agus cúraim sláinte a ullmhú chun tacú le cur chun feidhme na ráthaíochta cúraim	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil bhreise lena gcuirtear bailchríoch ar bhunú réimsí leasa agus ar athchóiriú na seirbhísí cúraim shóisialta agus tarrthála	Forálacha ar na gníomhartha reachtacha breise, lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				R1	2023	Teacht i bhfeidhm an dara sraith de ghníomhartha reachtacha lena gcuirtear i gcrích bunú réimsí leasa agus athchóiriú na seirbhísí sóisialta, cúraim sláinte agus tarrthála, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: - Rialacha rialachais, nósanna imeachta riaracháin agus struchtúir eagrúcháin na limistéar leasa shóisialta a bhunú; - Oibriú ceantar ospidéil, ceantar cúraim speisialta, seirbhísí oibríthe sóisialta agus síceolaithe i leas mac léinn a aistriú chuig na limistéir leasa (beidh na limistéir leasa agus na bardais araon freagrach as sláinte agus folláine a chur chun cinn); - Pearsanra cúraim sláinte agus leasa shóisialaigh agus a gcúraimí a aistriú ó bhardais agus ó chomhúdarais bhardasacha go dtí fostaíocht na limistéar leasa shóisialta; - An sásra cistiúcháin a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí na réimsí leasa shóisialta ón rialtas láir agus ó tháillí arna mbailiú ó úsáideoirí seirbhísí. - Bord comhairleach um chúram sláinte agus um leas sóisialta a chruthú faoin Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh dhualgais na seirbhísí sláinte agus sóisialta agus chun tacú le

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnline	Cuspóir	Q	Bhliain	
										treoir agus treo náisiúnta an chúraim sláinte agus an leasa shóisialaigh.
135	P4C1R1 — An t-athchóiriú leasa shóisialaigh agus cúraim sláinte a ullmhú chun tacú le cur chun feidhme na ráthaíochta cúraim	Garsprioc	Limistéir leasa réigiúnaigh a oibríochtú leis an gcumas freagracht a ghlacadh as seirbhísí sóisialta, sláinte agus tarrthála a eagrú	Tuarascáil ón Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte ina ndeimhnítear go bhfuil na réimsí leasa réigiúnacha ag feidhmiú agus réidh chun an t-athchóiriú leasa shóisialaigh agus cúraim sláinte a chur i bhfeidhm				R2	2023	Bunófar limistéir leasa réigiúnacha a bheidh freagrach as seirbhísí sóisialta, cúraim sláinte agus tarrthála a eagrú agus beidh siad oibríochtúil, i gcomhréir leis an treoclár maidir le cur chun feidhme an athchóirithe sláinte agus seirbhísí sóisialta a phleanáil agus a ullmhú. Déanfaidh an Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte cur chun feidhme na mbeart is gá chun tacú le bunú na limistéir leasa shóisialta a scrúdú agus a dheimhniú i dtuarascáil. Cumhdófar leis sin na réimsí seo a leanas: 1) bainistíocht, 2) riarachán, 3) airgeadas agus 4) seirbhísí.
136	P4C1I1- Cur chun feidhme na ráthaíochta cúraim a chur chun cinn agus an riaráiste seirbhíse i ngeall ar phaindéim COVID-19 a laghdú	Cuspóir sonrach	An sciar de na cuairteanna cúraim neamhphráinneach a atá curtha i gcrích agus a shroicheann an teorainn ama 7 lá le haghaidh rochtain ar chúram		% (céatadán)	67	80	R4	2025	Tiocfaidh méadú ó 67 % (i mí Eanáir 2020) go 80 % ar an sciar de chuairteanna cúraim neamhphráinneacha nár tugadh chun críche agus a shroichfidh an teorainn ama seacht lá le haghaidh rochtain ar chúram. Bainfear é sin amach trí chuir chuige oibríochtúla nua agus nuálacha a thabhairt isteach a bheidh dírithe ar chúram agus seirbhísí níos tapúla, níos éifeachtúla agus níos dírithe ar chustaiméirí sna réigiúin. Déanfar seirbhísí agus tacaíocht a fhorbairt ionas go mbeidh rochtain níos éasca orthu agus go mbeidh siad níos freagrúla do riachtanais daoine leochaileacha.
137	P4C1I2 — Cosc agus sainaitheint luath fadhbanna sláinte a neartú	Garsprioc	Samhlacha bainistíochta seirbhíse ilearnála réigiúnacha comhtháite a fhorbairt agus a chur chun feidhme i 22 réimse leasa	Tuarascáil cur chun feidhme a fhoilsiú lena ndeimhnítear gur tugadh isteach na samhlacha comhtháite réigiúnacha sna 22 réimse leasa				R4	2024	Déanfar samhlacha bainistithe seirbhíse ilearnála comhtháite réigiúnacha (lena n-áirítear seirbhísí leasa shóisialta agus cúraim sláinte agus seirbhísí cultúrtha, spóirt agus dúlra) a fhorbairt agus a chur chun feidhme sna 22 réimse leasa arna mbunú mar chuid den athchóiriú ar leas sóisialta agus ar chúram sláinte. Dearbhófar i dtuarascáil cur chun feidhme gur tugadh isteach na samhlacha comhtháite réigiúnacha sna 22 limistéir leasa.

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnline	Cuspóir	Q	Bhlain	
138	P4C1I3 — An bonn eolais agus an chinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise a neartú chun cost-éifeachtúlacht seirbhísí leasa shóisialta agus cúraim sláinte a mhéadú	Garsprioc	Córas faireacháin fíor-ama náisiúnta ar an ráthaíocht chúraim a úsáidtear i ngach ionad sláinte	Tugtar isteach córas uasghrádaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar an ráthaíocht cúraim i ngach ionad sláinte.				R4	2025	Déanfar córas náisiúnta uasghrádaithe fíor-ama chun faireachán a dhéanamh ar an ráthaíocht cúraim tríd an gclárann cúraim phríomhúil a chur chun feidhme i ngach ionad sláinte (i gcomparáid le 90 % de na hionaid in 2020).
139	P4C1I4 — Nuálaíochtaí digiteacha a thabhairt isteach le haghaidh seirbhísí leasa shóisialta agus cúraim sláinte	Cuspóir sonrach	Méadú ar an sciar den daonra a úsáideann ríomhsheirbhísí leasa shóisialaigh agus cúraim sláinte		% (céatadán)	26	35	R4	2025	Tiocfaidh méadú ó 26 % (bunlíne 2020) go 35 % ar an sciar den daonra (20 bliain d'aois agus níos sine) a úsáideann ríomhsheirbhísí cúraim sláinte agus leasa shóisialaigh. Forbrófar modhanna digiteacha nua i gcomhar idir na réimsí leasa agus gníomhaithe náisiúnta (an Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte, an Institiúid Náisiúnta um Shláinte agus Leas, DigiFinland Oy, KELA) chun tacú le soláthar ráthaíochta cúraim i gcúram sóisialta agus sláinte. Áireofar leis sin ríomhsheirbhísí sláinte agus ríomhsheirbhísí sóisialta iarbhair, mar shampla coinní teileafóin, comhrá agus físe, seirbhísí tacaíochta píaraí idir othair agus othair, seirbhísí comhairle do chustaiméirí agus seirbhísí leictreonacha eile. Ina theannta sin, déanfar gníomhaíochtaí chun tacú le scileanna na foirne cúraim shóisialta agus cúraim sláinte agus chun a áirithiú go mbainfear níos mó úsáide as réitigh dhigiteacha.
140	P4C1I5 — Córas faisnéise cúram sláinte digiteach duinelárnach a thabhairt isteach in Åland	Cuspóir sonrach	Sciar na seirbhísí bardasacha sóisialta agus sláinte agus/nó na bhfiontar cúraim phríobháidigh a ghlac an córas faisnéise cúraim sláinte		%) (céatadán)	0	80	R2	2026	Déanfaidh cúram sláinte agus cúram leighis Åland (ÅHS) córas faisnéise cúraim sláinte a fhorbairt le haghaidh cúram sláinte, seirbhísí sóisialta agus gníomhaithe príobháideacha. Beidh an córas oibriochtúil agus úsáidfídh an córas sláinte poiblí iomlán agus 80 % de sheirbhísí sóisialta na mbardas agus de ghníomhaithe príobháideacha in Åland é. Cumhdófar leis an gcóras doiciméadacht maidir le próisis chúraim, oidis leighis, cabhair le haghaidh cinntí leighis, taifid chliniciúla, tarchur chuig sainseirbhísí, leithdháileadh acmhainní ama, agus bearta leantacha cáilíochta agus táirgthe bunúsacha. Le linn an phróisis soláthair, féadfar sainchórais cúraim eile, mar shampla córais lóistíochta agus oibriúcháin, a cheangal leis an gcóras.

COLÚN 5. REPowerEU

N. COMHPHÁIRT P5C1. REPowerEU

Rannchuidíonn caibidil REPowerEU le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Is iad cuspóirí na comhpháirte úsáid fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn agus taighde agus forbairt a mhéadú le haghaidh an aistrithe ghlais. Meastar go rannchuideoidh na cuspóirí sin go léir le spriocanna aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach, le sprioc na Fionlainne neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2035 chomh maith leis an sprioc sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite i meascán fuinnimh na Fionlainne a mhéadú. Tá gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag gach ceann de na trí infheistíocht i gcaibidil REPowerEU. Go háirithe, rannchuidíonn an beart maidir le ‘Infheistíochtaí le haghaidh aistriú glan’ agus an beart maidir le ‘Cumhacht ghaoithe amach ón gcósta in Åland’ le soláthar fuinnimh a áirithiú san Aontas ina iomláine, agus rannchuidíonn an beart maidir le ‘T & F le haghaidh an aistrithe ghlais’ le forbairt scileanna glasa an lucht saothair san Aontas.

Rannchuidíonn caibidil REPowerEU le haghaidh a thabhairt ar Mholtaí Tírshonracha chun beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfeistíocht a dhíriú ar thaighde agus nuálaíocht, ar aistriú ísealcharbóin agus fuinnimh (Moladh Tírshonrach 3 in 2019), chun infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus digiteach, go háirithe ar tháirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil (Moladh Tírshonrach 3 in 2020), chun spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, lena n-áirítear trí dhlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe, chun borradh a chur faoin infheistíocht phoiblí agus phríobháideach i ndícharbónú na tionsclaíochta (Moladh Tírshonrach 3 in 2022 agus Moladh Tírshonrach 4 in 2023) agus chun dlús a chur le hiarrachtaí beartais atá dírithe ar na scileanna is gá don aistriú glas a sholáthar agus a fháil (Moladh Tírshonrach 4 in 2023).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

N.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (P5C1R1): Ceadú an aistrithe ghlais

Is é is cuspóir don athchóiriú agá próiseála nósanna imeachta ceadaithe comhshaoil le haghaidh infheistíochtaí fuinnimh in-athnuaite san Fhionlainn a laghdú.

Glacfaidh an Fhionlainn gníomh reachtach nó gníomhartha reachtacha maidir le nósanna imeachta um cheadanna comhshaoil, lena gcumhdaítear na nósanna imeachta uile a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, agus é mar aidhm nós imeachta comhcheangailte um chead a bhaint amach as a dtiocfaidh cinneadh oifigiúil aonair agus nós imeachta athbhreithnithe amháin. Leis an ngníomh/na gníomhartha, cuirfear samhail an ionaid ilfhreastail chun cinn agus leagfar síos forálacha maidir le rialacha nós imeachta iomchuí agus éifeachtacha le haghaidh cheadanna comhshaoil. Glacfaidh an Fhionlainn gníomh reachtach nó gníomhartha reachtacha freisin chun na nósanna imeachta cuíchóirithe nua chun iarratais ar chead comhshaoil a phróiseáil a lárú in údarás náisiúnta aonair nua.

Cuirfear tacaíocht ar fáil faoin mbeart seo chun próisis dhigiteacha a fhorbairt agus a chur in úsáid agus chun acmhainní sealadacha a chur in úsáid chun an reachtaíocht is gá a ullmhú agus chun riaráiste na n-iarratáí ar mheasúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a phróiseáil. Is é is aidhm dó sin dlús a chur le próisis cheadaithe agus cheadúnúcháin chomh maith le tacú leis an gcur chun feidhme reachtach.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 1 (P5C1I1): Infheistíochtaí le haghaidh aistriú glan

Is é cuspóir na hinfheistíochta rannchuidiú le sprioc na Fionlainne neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2035 trí spreagadh a thabhairt chun teicneolaíochtaí glana nua a thabhairt isteach le haghaidh táirgeadh agus úsáid fuinnimh, agus/nó trí tháirgeadh agus stóráil hidrigine in-athnuaite a chur chun cinn ar scála tráchtála.

Tacóidh an infheistíocht le tionscadail mhórsála fuinnimh in-athnuaite sa chéim taisealbhaidh le tosaíocht maidir le hindéantacht theicniúil, agus/nó tionscadail feadh an tslabhra luacha hidrigine le haghaidh táirgeadh hidrigine in-athnuaite. D'fhéadfaí a áireamh leis sin:

- breoslaí in-athnuaite san iompar (breoslaí leictreacha agus bithbhreoslaí),
- táirgeadh teasa neamhdhócháin,
- tionscadail fuinnimh in-athnuaite eile, lena n-áirítear tionscadail mhóra inbhuanaithe³⁸ táirgthe bithgháis ina n-úsáidtear ionchuir ísealúsáide (seachas tarchur agus dáileadh bithgháis), tionscadail mhórsála grianfhuinnimh agus tionscadail lena gcuirtear stóráil fuinnimh chun cinn,
- Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) in earnáil na hidrigine,
- infheistíochtaí hidrigine in-athnuaite intíre eile.

Áireofar sna critéir roghnúcháin tionscadail an rannchuidiú leis an méadú ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite agus na hidrigine agus an rannchuidiú a d'fhéadfadh a bheith ann le forbairt agus tráchtálú fadtéarmach teicneolaíochtaí ábhartha.

Is i bhfoirm glao amháin nó níos mó a bheidh an tacaíocht faoi fhreagracht na hAireachta Gnóthaí Eacnamaíocha agus Fostaíochta agus/nó Gnó na Fionlainne.

Chuna áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach³⁹; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha⁴⁰; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola⁴¹ agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla⁴²; agus (iv) gníomhaíochtaí ina

³⁸ Ní thacófar le táirgeadh bithgháis ach amháin nuair a áirítear sa bheart an t-uasghrádú go bithmheatán freisin, ach amháin i gcás gléasraí mionscála (níos lú ná 500 kWe) a úsáideann bithghás chun an eangach a chobhsú.

³⁹ Seachas (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith le haghaidh aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

⁴⁰ I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

Níl feidhm ag an eisiamh 41 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Níl feidhm ag an eisiamh 42 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a

bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Áiríteofar leis na critéir incháilitheachta go rannchuideoidh gach tionscadal leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide a bhaineann le ceann amháin ar a laghad de na réimsí idirghabhála 024ter⁴³⁴⁴, 028, 029, 030bis, 032, 033 agus 034bis0 a⁴⁵ bhfuil comhéifeacht aeráide 100 % acu i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta⁴⁶.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (P5C1I2): Taighde agus forbairt don aistriú glas

Is é cuspóir na hinfheistíochta tacú le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha lena ndírítear ar réitigh fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn san Fhionlainn. Chuige sin, tacófar le trí thionscadal straitéiseacha taighde agus forbartha.

Díreoidh an chéad tionscadal ar thrí réimse taighde a bhfuil acmhainneacht shuntasach acu maidir le hastaíochtaí carbóin a laghdú: 1) stóráil leictreachais agus dlús a chur le fuinneamh glan, 2) éifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú na tionsclaíochta, agus 3) an geilleagar hidrigine in-athnuaite. Áireofar sa tionscadal tacaíocht do thaighdeoirí d'fhonn an saineolas sna réimsí sin a fhorbairt.

Is é is aidhm don dara tionscadal tacú leis an aistriú chuig fuinneamh glan agus le húsáid éifeachtúil acmhainní nádúrtha chun spleáchas fuinnimh na Fionlainne ar an Rúis a laghdú, fios gnó nua a ghiniúint agus cuidiú le spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta a bhaint amach. Ginfear leis an tionscadal treochlár i dtreo na bliana 2035 ina mbeidh moltaí beartais le haghaidh córas fuinnimh ghlain.

Díreoidh an tríú tionscadal ar raon feidhme agus ar thionchar infheistíochtaí breise san fhuinneamh in-athnuaite, go háirithe fuinneamh gréine agus gaoithe, chun imscrúdú a dhéanamh ar chostais agus ar thairbhí, chun measúnú a dhéanamh ar an tacaíocht i measc úinéirí talún agus an phobail, agus chun meastóireacht a dhéanamh ar an ordlathas maolaithe chun táirgeadh fuinnimh a chothromú le

dhéanamh ar oibriochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

⁴³ Más é cuspóir an bhirt athchóiriú meánleibhéil ar a laghad a bhaint amach, ar an meán, mar a shainmhínítear sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le hAthchóiriú Foirgníochta (AE) 2019/786 nó (b) más é cuspóir na mbeart laghdú 30 % ar a laghad ar astaíochtaí GCT díreacha agus indíreacha i gcomparáid leis na hastaíochtaí ex ante a bhaint amach ar an meán.

⁴⁴ Má bhaineann cuspóir an bhirt le táirgeadh leictreachais nó teasa ó bhithmhais i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001; agus más é is cuspóir don bheart laghdú 80 % ar a laghad ar astaíochtaí GCT a bhaint amach ag an tsaoráid ó úsáid bithmhaise i ndáil leis an modheolaíocht maidir le gás ceaptha teasa a laghdú agus leis an táirge comparáide breoslaí iontaise a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001. Má bhaineann cuspóir an bhirt le táirgeadh bithbhreosla ó bhithmhais (barra bia agus beatha á n-eisiamh), i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001; agus más é is cuspóir don bheart laghdú 65 % ar a laghad ar astaíochtaí GCT a bhaint amach ag an tsaoráid ó úsáid bithmhaise chun na críche sin i ndáil leis an modheolaíocht maidir le GCT a laghdú agus leis an táirge comparáide breoslaí iontaise a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001.

⁴⁵ I gcás comhghiniúint ardéifeachtúlachta, más é cuspóir an bhirt astaíochtaí saolré a bhaint amach atá níos ísle ná 100gCO₂e/kWh nó teas/alcól a tháirgtear ó dhramhtheas. I gcás téamh/fuarú ceantair, má leanann an bonneagar gaolmhar Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoir 2009/125/CE agus Treoir 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/8/CE agus Treoir 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1), nó má dhéantar athchóiriú ar an mbonneagar atá ann cheana chun sainmhíniú an téimh agus an fhuaraithe ceantair éifeachtúil a chomhlíonadh, nó más ardhóras píolótach é an tionscadal (córais rialaithe agus bainistithe fuinnimh, Idirlíon na Rudaí Nithiúla) nó go mbíonn córas teochta níos ísle sa chóras téimh agus fuaraithe ceantair mar thoradh air.

⁴⁶ IO L 57, 18.2.2021, lgh. 17-75.

spriocanna comhshaoil agus bithéagsúlachta. Leis an tionscadal, comhtháthófar cuspóirí REPowerEU lena n-áirítear i) cumhacht ghaoithe agus ghréine, ii) optamú sonraíbhunaithe ar úsáid foinsí fuinnimh agus iii) éifeachtúlacht acmhainní i gclár Scoile Dochtúireachta LUKE chun forbairt inniúlachta a chothú agus ginfear treochlár maidir le córais fuinnimh in-athnuaite atá ag teacht chun cinn mar chuid de chóras fuinnimh na Fionlainne, lena n-áirítear meastóireacht ar éifeachtaí fhás an fhuinnimh gréine agus gaoithe ar limistéir talún, chósta agus amach ón gcósta.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 3 (P5C1I3): Cumhacht ghaoithe amach ón gcósta in Åland

Is é cuspóir na hinfheistíochta táirgeadh fuinnimh gaoithe a chur chun cinn i réigiún féinrialaitheach Åland. Tacóidh an infheistíocht le céim ullmhúcháin tionscadail cumhachta gaoithe amach ón gcósta.

Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá sna téarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach⁴⁷; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha⁴⁸; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola⁴⁹ agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla⁵⁰; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.

Áiritheofar leis na critéir incháilitheachta go rannchuideoidh gach tionscadal leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide a bheith nasctha le réimsí idirghabhála 028 a bhfuil comhéifeacht aeráide 100 % acu i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

47 Seachas (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith le haghaidh aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

48 I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

Níl feidhm ag an eisiamh 49 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná sineadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Níl feidhm ag an eisiamh 50 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná sineadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

N.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnline	Cuspóir	Q	Bhliain	
141	P5C1R1: Ceadú an aistrithe ghlais	Cuspóir sonrach	Riaráiste na measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaoil a laghdú		Líon	0	228	R4	2025	Dúnfar 228 measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaoil ar a laghad idir an 1 Eanáir 2023 agus an 31 Nollaig 2025.
142	P5C1R1: Ceadú an aistrithe ghlais	Garsprioc	Seirbhísí digiteacha chun ceadú comhshaoil a fhorbairt	Seirbhísí a cheannach chun ceadú comhshaoil agus ‘ceadúnú agus maoirseacht’ dhigiteach a fhorbairt				R2	2025	Cuirfear ceannach seirbhísí digitithe i gcrích i ndáil leis an méid seo a leanas: i) struchtúr faisnéise maidir le ceadú comhshaoil agus maoirseacht in idirbhearta oifigiúla a bhaineann le táirgeadh fuinnimh ghlain, agus ii) ‘ceadúnú agus maoirseacht’ dhigiteach, lena n-áirítear athruithe ar fheidhmiúlacht an chórais faireacháin agus forbairt seirbhísí digiteacha.
143	P5C1R1: Ceadú an aistrithe ghlais	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an ghnímh dhlíthiúil nó na ngníomhartha dhlíthiúla lena mbunaítear an nós imeachta nua um chead comhshaoil	Foráil sa ghníomh dhlíthiúil/sna ngníomhartha dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an ghnímh dhlíthiúil/na ngníomhartha dhlíthiúla				R4	2025	Tiocfaidh an gníomh dlí nó na ngníomhartha dlí is gá i bhfeidhm chun an nós imeachta nua um chead comhshaoil a bhunú agus chun an fhreagracht as ceadú comhshaoil a aistriú ó údarás réigiúnacha chuig údarás náisiúnta aonair.
144	P5C1R1: Ceadú an aistrithe ghlais	Garsprioc	Oibríochtú an údarás náisiúnta aonair um cheadú comhshaoil agus na seirbhísí digiteacha gaolmhara	Tá an t-údarás náisiúnta aonair oibríochtúil agus tá na seirbhísí digiteacha ábhartha oibríochtúil				R2	2026	Beidh an t-údarás náisiúnta aonair oibríochtúil. Beidh na seirbhísí digiteacha dá dtagraítear faoi gharsprioc 142 oibríochtúil.
145	P5C1I1: Infheistíochtaí le haghaidh aistriú glan	Garsprioc	Seoladh glao ar iarratais ar thionscadail aistrithe ghlain	Foilsíu an ghlaó ar iarratais				R2	2024	Glaó a sheoladh ar iarratais ar thionscadail a bhaineann le teicneolaíochtaí glana nua le haghaidh táirgeadh agus úsáid fuinnimh agus/nó chun forbairt tháirgeadh agus stóráil hidrigine in-athnuaite a chur chun cinn ar scála tráchtála. Áirítear i dtéarmaí tagartha critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonann na tionscadail a roghnófar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar

Líon	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnline	Cuspóir	Q	Bhliain	
										suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
